info@ncca

ag tacú le teagasc agus foghlaim

DVD do thuismitheoirí

Foghlaim Leanaí sa Bhunscoil: Céard Cén Fáth agus Conas?

leathanach 8

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúntachta | AIBREÁN 2006 | Eagrán 3

san eagrán seo / Tuairiscí Scoile / Curaclam Ar Líne / Foghlaim a Fhorbairt / Nascadh le Scoileanna / Measúnú chun Foghlama / Oideachas i SAM **agus neart eile...**

NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

fáilte...

...chuig eagrán a trí de info@ncca, eagrán deireanach na scoilbhliana. Fuaireamar aiseolas agus tuairimí ar a lán de na hailt agus de na nuashonraithe sna heagráin eile ach ba é an píosa ar fhorbairt treoirlínte na CNCM dóibh siúd atá ag obair le scoláirí atá fíoréirimiúil a spreag formhór na bhfreagairtí. Is léir gur ábhar mór caibidile i measc múinteoirí agus príomhoidí bunscoile agus iarbhunscoile é seo. Tá tuilleadh eolais faoi ar www.ncca.ie agus fáilteofar roimh aiseolas agus moltaí uaibh i gcónaí.

Is cuid de thionscadal níos mó é an obair ar theimpléad náisiúnta a chruthú do chártaí tuairisce. Tacóidh sé seo le truairisciú na mbunscoileanna chuig tuismitheoirí. Iarratais ó roinnt príomhoidí, tuismitheoirí agus múinteoirí ar eolas ar scoileanna a reáchtálann cruinnithe tuismitheoirí, múinteoirí agus scoláirí, agus mar a oibríonn an fhormáid seo de chruinnithe, a spreag an ghné ar chruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí.

Beidh suim agaibhse atá ag obair i mbunscoileanna atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge san eolas is déanaí ar an obair ar theanga agus litearthacht. Mar aon leis an athbhreithniú ar thaighde idirnáisiúnta ar dhea-chleachtas, tá cuntais á bhforbairt againn ar chleachtais i roinnt bunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán, scoileanna Gaeltachta san áireamh. Tá cur síos orthu san alt. Ná caill do sheans deis labhartha a bheith agat i bhforbairt treoirlínte ar theanga agus litearthacht do na scoileanna seo. Tá sonraí maidir le deiseanna rannpháirtíochta sa chomhairliúchán san alt freisin.

Shíleamar go mbeadh sé tráthúil agus am scrúduithe ag druidim linn leasuithe na sraithe sinsearaí, an obair ar aonaid idirthréimhseacha, gearrchúrsaí agus ábhair athbhreithnithe, a chur i gcuimhne daoibhse atá ag obair in iarbhunscoileanna (agus an t-uafás múinteoirí ar tuismitheoirí iad freisin a bhfuil brú na scrúduithe á gcrá!). Tá achoimre ar phríomhshnáitheanna na hoibre ullmhaithe ag foireann na sraithe sinsearaí. Féadfaidh tú tuilleadh sonraí a fháil ar ábhar ar leith, nó féachaint ar chuid de na haonaid idirthréimhseacha atá á bhforbairt ar spás speisialta na sraithe sinsearaí ar ár láithreán gréasáin.

Tá súil agam go mbeidh samhradh scístiúil, taitneamhach agus saoire atá tuillte go maith agat, pé acu an ag deireadh mhí na Bealtaine nó an Mheithimh a bheidh tú ag dul ar saoire.

Anne Looney

Príomhfheidhmeannach

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

céard atá san eagrán seo

	Nascadh le scoileanna	4
	Curaclam Ar Líne	7
	Bunús caibidle a aimsiú	8
→	Próifil: Anne Moloney	10
	Oideachas luath-óige	10
	Teanga agus litearthacht	11
	DVD do thuismitheoirí	12
	An dara bliain	14
	Tuairiscí scoile	16
	Foghlaim a fhorbairt	18
	Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile	20
→	Próifil: Sheila Nunan	20
	Creatlach cáilíochtaí	21
	Oideachas i SAM	22
	I mBarr mo Mhaitheasa	24

Ag tacú le teagasc agus foghlaim…

Foilsítear **info@ncca** trí huaire sa bhliain, Meán Fómhair, Eanáir agus Aibreán.

Dáiltear cóipeanna ar mhúinteoirí i ngach bunscoil agus iarbhunscoil sa tír. Is féidir leaganacha leictreonacha de, as Gaeilge agus as Béarla, a íoslódáil ónár láithreán gréasáin **www.ncca.ie**. Seol ríomhphost nó litir chugainn má theastaíonn cóipeanna breise de **info@ncca** ó do scoilse.

Fáiltímid roimh ailt ó mhúinteoirí mar aon le tuairimí agus ceisteanna faoi ábhar na nuachtlitreach.

Sonraí teagmhála:

Ríomhphost: **newsletter@ncca.ie**
Facs: **01 661 7180**
Láithreán Gréasáin: **www.ncca.ie**

Seoladh Poist: **An tEagarthóir, info@ncca,**
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta,
24 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Claith 2.

Nascadh le scoileanna

Ón 'bpictiúr mór' chuig an 'bpictiúr réadach'

Nuair a fhorbraíonn an CNCM comhairle ar churaclam agus measúnacht, oibríonn sí le suímh luath-óige, pobail scoile, múinteoirí agus cleachtóirí ar bhealaí éagsúla agus ag céimeanna difriúla de gach tionscadal.

Tá an obair le scoileanna, agus pobail scoileanna, múinteoirí, bainistíocht, tuismitheoirí agus daltaí, an-tábhachtach dúinn mar go gcabhraíonn sé linn ár dtionscadail a lonnú i seomraí ranga agus comhthéacsanna réadacha. Cabhraíonn sé linn fíorthuiscint a fháil ar céard a theastaíonn ó scoileanna i réimse an churaclaim agus na measúnachta - céard a oibríonn agus céard nach n-oibríonn. Cruthaíonn sé ceangail dúinn leis an 'bhfíorshaol' agus a bhfuil ag tarlú sna scoileanna mar a bhfuil an curaclam á chur i bhfeidhm. Déanaimid iarracht a chinntiú go n-oibrímid le raon leathan scoileanna de chineálacha éagsúla idir beag agus mór, suímh luath-óige san áireamh.

Bíonn tionchar mór ag an obair seo ar fhorbairt na comhairle a thugaimid don Aire Oideachais agus Eolaíochta. Mar shampla, rinneamar comhairliúchán 'beo' le hocht scoil inar phléamar go forleathan le múinteoirí, bainistíocht, tuismitheoirí agus scoláirí na scoileanna sin nuair a bhí moltaí á bhforbairt againn san athbhreithniú ar Oideachas na Sraithe Sinsearaí, 2004, agus bhí tionchar aige ar ár gcomhairle don Aire in Aibreán 2005.

Tugann liosta na dtionscadal don bhliain 2006 atá ar na leathanaigh seo tuairim éigin faoi raon na mbealaí a gcruthaímid naisc le scoileanna agus múinteoirí agus na réimsí oibre atá i gceist. Tugann an mionchursíos atá iontu ar thrí thionscnamh, staidéar portráidíochta na luath-óige, úsáid TFC san OSSP agus tionscadal líonra scoile na sraithe sinsearaí, léargas eile fós ar fhiúntas an chineáil seo oibre.

Obair scoile 2006

Oideachas Luath-Óige agus Bunoideachas

Obair CNCM: DVD do thuismitheoirí a fhorbairt

Obair scoile:

Bhí múinteoirí, tuismitheoirí, príomhoidí agus páistí páirteach sa tionscadal seo. Thug plé-ghrúpaí tuismitheoirí comhairle ar an eolas a bhí uathu agus an bealach ab fhearr len é sin a léiriú. Rinneadh an scannánaíocht i scoileanna ag baint úsáide as fíorcharachtair - gan aisteoir ar bith! Tá tuilleadh faisnéise faoi ar leathanach 12.

Obair CNCM: Forbairt treoirlínte teanga agus litearthachta do scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán

Obair scoile:

Thug agallaimh le páistí, tuismitheoirí, múinteoirí agus bainistíocht scoile léargas iontach dúinn ar an mbealach a phleanálann scoileanna a gcuir chuige, go háirithe i ranganna na naíonán, agus táimid ag baint úsáide as na cuntais seo ar chleachtas sa chomhairliúchán. Tá tuilleadh sonraí san alt ar leathanach 11.

info@ncca

Staidéar portráidíochta ar oideachas luath-óige

Tá an CNCM ag obair le roinnt suíomh luath-óige, ranganna naíonán san áireamh, chun faisnéis a bhailiú don *Chreatlach don Luathfhoghlaim*. Staidéar portráidíochta atá i gceist a áiríonn taifeadadh agus brí a bhaint as peirspictíochtaí agus eispéiris rannpháirtithe i suímh ar leith.

Tá sé d'aidhm ag an staidéar portráidíochta seo:

- léargas a thabhairt ar thuairimí agus eispéiris pháistí idir 0-6 bliain
- eiseamláirí de dhea-chleachtas in earnáil na luath-óige a fhorbairt le háireamh sa chreatlach.

Trí bhreathnóireacht, éisteacht agus labhairt le páistí, a bheith páirteach ina ngníomhaíochtaí agus ina n-eispéiris i suímh dhifriúla, tiocfaidh an CNCM ar thuiscint níos fearr ar shaol na bpáistí i raon suíomh sa luathfhoghlaim.

Tá go leor faisnéise ag tuismitheoirí na bpáistí agus ag cleachtóirí a bheidh úsáideach sna portráidí, agus tá a bpeirspictíochtaí á mbreacadh síos againn in agallaimh. Cabhróidh an fhaisnéis ar fad linn a chinntiú go mbeidh ciall leis an gcreatlach agus go mbeidh sé ábhartha do pháistí agus do dhaoine fásta i suímh luath-óige agus ranganna naíonán.

Beidh na portráidí comhlánaithe, achoimre ar an staidéar portráidíochta agus a phríomhtheachtaireachtaí don *Chreatlach don Luathfhoghlaim*, ar fáil le híoslódáil ó láithreán gréasáin na CNCM san fhómhar.

Obair CNCM: Obair phíolótach leis na nua-theangacha i mbunscoileanna

Obair scoile:

Tá roinnt bunscoileanna ag cur tús le húsáid Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga i gcuraclam na bunscoile. Ciallaíonn sé seo go dteagascann siad cuid d'ábhar, nó an t-ábhar ar fad sa spriocteanga (m.sh. ceol tríd an Iodáilis). Tá bunscoileanna eile dírithe ar fheasacht teanga. Cabhróidh na scoileanna seo linn comhairle a fhorbairt ar ról na nua-theangacha i mbunscoileanna.

Obair CNCM: Teimpléid do chártaí tuairisce a fhorbairt

Obair scoile:

Tá scoileanna agus múinteoirí ag obair leis an CNCM ar na cuir chuige tuairiscithe is fusa a úsáid. Tá úsáid á bhaint acu as na fréamhshamhlacha atá á bhforbairt sula gcuirtear i bhfeidhm go forleathan iad. Beidh an obair scoile seo ríthábhachtach le cinntiú go n-áirímid an dea-chleachtas atá forbartha ag scoileanna cheana féin. Féach ar leathanach 16 chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Obair CNCM: Creatlach TFC a fhorbairt do scoileanna

Obair scoile:

Cosúil leis na teimpléid do chártaí tuairisce, tá scoileanna ag déanamh tástála ar an gcreatlach TFC lena chinntiú go n-aistríonn sé gan stró ón bpáipéar nó ón scáileán chuig an seomra ranga. Tá múinteoirí atá ag baint úsáide as an gcreatlach ag cur eiseamláirí ar fáil freisin óna seomraí ranga féin a léireoidh an creatlach i bhfeidhm do mhúinteoirí eile.

Iar-bhunoideachas

Obair CNCM: Measúnú chun Foghlama (McF)

Obair scoile:

Tá samplaí d'obair scoláirí thar ocht réimse ábhar sa tsraith shóisearach bailithe ag grúpaí múinteoirí ó líonraí scoileanna a bhíonn ag baint úsáide as cuir chuige McF ina seomraí ranga. Tá na samplaí seo, atá ar **www.ncca.ie,** á n-úsáid chun tacú le measúnacht agus tuairisciú múinteoirí sa tsraith shóisearach.

Déanaimid iarracht a chinntiú go n-oibrímid le raon de chineálacha éagsúla scoileanna, idir beag agus mór, chomh maith le suímh luath-óige.

Ó Thuairisciú ar an Tionscadal Gníomhaíochta go Tuairisciú Leictreonach ar an Tionscadal Gníomhaíochta

Tugann Tionscadal Gníomhaíochta an OSSP deis do scoláirí ábhar suime nó imní a aithint agus a bheith páirteach i ngníomhaíocht fhiúntach bunaithe ar an ábhar sin. Tuairiscíonn na scoláirí ar an méid a d'fhoghlaim siad agus na scileanna a shealbhaigh siad sa phróiseas agus scríobhann a bhformhór a dtuairiscí sa leabhrán, *Tuairisciú ar an Tionscadal Gníomhaíochta*.

I mbliana d'aontaigh roinnt múinteoirí iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir le TFC cabhrú leis na scoláirí, le linn dóibh a dTionscadail Ghníomhaíochta a dhéanamh agus ina dtuairisciú orthu. Táimid ag súil go gcuirfidh TFC níos mó den 'ghníomhaíocht' san obair, go mbeidh suim ag scoláirí ann agus go spreagfaidh sé scoláirí ar spéis leo meán eile seachas 'peann agus pár'. I ngach scoil atá rannpháirteach sa tionscnamh seo úsáideann na scoláirí OSSP físcheamaraí digiteacha chun gníomhaíochtaí a dTionscadail Ghníomhaíochta a thaifeadadh agus úsáidfear na scannáin seo chun tuairiscí closamhairc de na Tionscadail Ghníomhaíochta a chur le chéile.

Go dtí seo, tá aiseolas an-dearfach faighte ó na scoláirí agus d'aontaigh a bhformhór go mbaineann 'níos mó spraoi' leis an gcur chuige seo, go bhfuil sé 'níos suimiúla' agus go dtugann sé 'níos mó spreagtha' dóibh ná scríobh na dtuairiscí.

Cuirfidh toradh an tionscadail seo eolas ar fáil d'fhorbairtí a dhéanfar amach anseo ar mheasúnacht OSSP agus ábhair a bhfuil an dara modh measúnachta iontu.

Obair CNCM: Measúnacht sa chorpoideachas

Obair scoile:

Tá múinteoirí corpoideachais ag baint úsáide as cuir chuige McF ina dteagasc agus is léir dóibh conas is féidir leis na cuir chuige seo tacú le forbairt phortfóilió an Chorpoideachais. Cuireann na scoláirí atá páirteach sa tionscadal a dtuairimí ar an bpróiseas in iúl freisin.

Bíonn tionchar mór ag an obair seo ar fhorbairt na comhairle a thugaimid don Aire Oideachais agus Eolaíochta.

Líonra scoile na sraithe sinsearaí

Tá líonra foirmithe ag 20 scoil chun roinnt de na príomhréimsí oibre a fhorbairt mar chuid d'athbhreithniú oideachais na sraithe sinsearaí. Tá na scoileanna seo ag obair leis an CNCM le hiniúchadh a dhéanamh ar impleachtaí praiticiúla na bhforbairtí ar nós na himpleachtaí do phleanáil churaclaim, d'fhorbairt mhúinteoirí, d'acmhainní agus do thráthchlárú. Tá múinteoirí atá páirteach sa líonra ag scríobh sraithe d'Aonaid Idirthréimhseacha atá bunaithe ar theimpléad coiteann.

Tá cuid de na scoileanna ag iniúchadh na mbealaí ina bhféadfaí cláir staidéir níos solúbtha a fhorbairt do roinnt scoláirí sa tsraith shinsearach agus conas a d'oibreodh a leithéid. Tá scoileanna eile ag obair ar ábhair bhainistíochta foghlama nó ag féachaint ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as cur chuige bunaithe ar phríomhscileanna sa teagasc agus san fhoghlaim i réimsí áirithe ábhar.

Ba cheart do scoileanna ar spéis leo páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin nó tionscnaimh forbartha amach anseo teagmháil a dhéanamh linn ag: **newsletter@ncca.ie.**

Táimid go mór faoi chomaoin na bpríomhoidí, múinteoirí, cleachtóirí, tuismitheoirí, scoláirí agus daoine óga, a roinneann a gcuid ama agus saineolais linn go fial le tacú le hobair ar fhorbairt churaclaim sa CNCM. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar na tionscnaimh seo ach teagmháil a dhéanamh linn ag: **newsletter@ncca.ie.**

Curaclam Ar Líne



Faoi dheireadh! Tá láithreán gréasáin amháin againn ar a bhfuil na doiciméid churaclaim agus siollabais bhunoideachais agus iar-bhunoideachais uile - www.curriculumonline.ie. Cé go raibh láithreán gréasáin chorparáidigh na CNCM ag feidhmiú mar bhaile sealadach do dhoiciméid agus treoirlínte curaclaim agus mar bhealach le teacht ar dhoiciméid siollabais (ar láithréan gréasáin na ROE), d'oibrigh foireann an ghreásáin go dian chun láithreán gréasáin nua a chruthú a fhreastalóidh ar riachtanais an uile dhuine.

Tugann leathanach 'baile' an Churaclaim Ar Líne rogha rochtana don úsáideoir ar na rannáin a bhaineann leis an tsraith bhunscoile, an tsraith shóisearach nó an tsraith shinsearach. I rannán na sraithe bunscoile tá Réamhrá ar Churaclam na Bunscoile, doiciméid churaclaim agus treoirlínte múinteora do gach ábhar. Tá na siollabais agus na treoirlínte do gach ábhar le fáil i rannán na sraithe sóisearaí agus sinsearaí.

Dearadh Curaclam Ar Líne mar áis don mhúinteoir go príomha, ach ba cheart go mbeadh gach duine ar suim leo córas oideachais na hÉireann in ann leas a bhaint as. Tá roghanna cuardaigh ann do mhúinteoirí bunscoile d'fhonn cabhrú leo clár oibre comhtháite a phleanáil thar réimse ábhar curaclaim. Beidh sé níos éasca téamaí agus topaicí oibre a fhorbairt, agus sábhálfaidh sé am.

Bainfidh múinteoirí iar-bhunoideachais sult as topaicí a chuardach i réimse éagsúil ábhar, idir shraith na bunscoile, an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach. Níl le déanamh ag múinteoir matamaitice na chéad bhliana mar shampla ach cliceáil ar nasc amháin chun a fháil amach céard a teagascadh dá scoláirí i rang a sé. Beidh tuairim mhaith ag an múinteoir mar sin ar an tslí is fearr le freastal ar riachtanais foghlama na scoláirí.

De réir mar a fhorbróidh an láithreán Curaclaim Ar Líne feabhsóimid an áis chuardaigh de réir riachtanais mhúinteoirí. Ba mhór againn bhur moltaí ina leith. Is féidir libh an fhoirm aiseolais (cliceáil ar 'teagmháil') a úsáid chun moltaí a dhéanamh nó chun bhur n-eispéiris ar an láithreán a chur in iúl.

Tuilleadh! Tá an leagan Gaeilge de láithreán gréasáin chorparáidigh CNCM ar líne anois agus tá an láithreán gréasáin, Curaclam i bhFeidhm, ar na bioráin. Coimeádfaidh **info@ncca** ar an eolas tú fúthu.

curriculum online
curaclam ar líne

Bunús caibidle a aimsiú

An cruinniú tuismitheora / múinteora / scoláire (TMS)

Sa dara céim de thionscnamh McF na CNCM, d'iarramar ar mhúinteoirí na rudaí ba thábhachtaí agus iad ag tuairisciú do scoláirí agus do thuismitheoirí a insint dúinn. D'áirigh siad:

- Spriocanna soiléire a leagan síos agus léargas a thabhairt ar dhul chun cinn
- Na pointí dearfacha a léiriú
- Tuairisciú níos iomláine a thabhairt go rialta.

Ní haon ionadh é gur aontaigh múinteoirí go bhfuil cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí (TM) níos éifeachtaí ná tuairiscí téarma. Tugann na cruinnithe deis dóibh eolas a thabhairt nach bhféadfaí a chur in iúl i dtuairiscí scríofa - 'rannpháirtíocht an scoláire sa rang' agus 'rudaí a rá a chabhróidh leis na scoláirí feabhas a chur ar a gcuid oibre'. Dúirt roinnt múinteoirí gur féidir comh-iarracht idir an múinteoir agus an tuismitheoir a bheith mar thoradh ar chruinnithe TM.

Cruinnithe TMS i bhfeidhm

San aiseolas ó mhúinteoirí i scoileanna McF bhí dhá scoil ina raibh cruinnithe TMS á reáchtáil in ionad gnáthchruinnithe TM - Meánscoil Íosa agus Mhuire, Inis Crabhann, Co. Shligigh agus Coláiste Pobail Ghleann Maghair, Corcaigh. Theastaigh uainn a tuilleadh a fháil amach faoi seo.

Seo a leanas a raibh le rá ag an tSiúr Mary Kelly, Príomhoide Mheánscoil Íosa agus Mhuire in Inis Crabhann: 'Tá cruinnithe TMS againn ó mhí Eanáir 2002. Shocraíomar ar an athrú seo mar gheall ar phlé a bhí ag an bhfoireann le linn seisiúin phleanála forbartha scoile. Theastaigh uainn go mbeadh níos mó bainte ag tuismitheoirí le pobal na scoile agus le tacú le foghlaim a leanaí agus go mbeadh na cruinnithe TM níos éifeachtaí'.

An mbíonn na cruinnithe seo ar siúl go rialta?

Bíonn cruinnithe TMS sa scoil in Inis Crabhann uair sa bhliain i gcás gach bliainghrúpa, agus dhá uair sa bhliain i gcás scoláirí na hArdteistiméireachta. Cruinnithe TMS a bhíonn ag Coláiste Pobail Ghleann Maghair, ó d'oscail an scoil in 1997. Bíonn dhá chruinniú sa bhliain acu i gcás scoláirí an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta. Tugann an dá scoil deis do thuismitheoirí bualadh le múinteoir ina n-aonar freisin más gá.

Buntáistí do chách

Tá neart buntáistí le baint ag múinteoirí as an gcóras TMS. Tá an tuairisciú ar an méid atá á bhaint amach ag na scoláirí níos soiléire, níos iomláine agus déantar láithreach é.

'... nuair a bhíonn an scoláire i láthair, cinntítear go bhfuil sé/sí níos freagraí as a d(h)ul chun cinn (nó a easpa). Níos tábhachtaí ná sin tá an deis a faigheann an múinteoir an scoláire a mholadh, aird a tharraingt ar a d(h)ul chun cinn os comhair an tuismitheora. Ciallaíonn sé seo go bhfaigheann gach duine daingniú dearfach. Ní bhíonn teachtaireachtaí ag dul ó dhuine go duine. Tá sé ar fad oscailte, agus tuigeann gach duine a mbíonn á rá.'

(Múinteoir, Gleann Maghair.)

Deir **múinteoirí** go mbíonn tionchar dearfach ag an gcruinniú TMS ar iompar na scoláirí sa seomra ranga agus ar a ndearcadh i leith a gcuid oibre, a rannpháirtíochta agus a dtiomantas freisin. D'athródh iompar foghlama scoláirí mar gheall ar rud éigin a déarfadh múinteoir ag cruinniú, mar shampla, bheadh an scoláire níos toilteanaí ceisteanna a chur nó a fhreagairt sa rang. *'Cruthaíonn sé seo gaolmhaireacht níos fearr leis na scoláirí; mothaíonn na scoláirí ar a gcompord sa rang mar nach bhfágann an cruinniú ceist ar bith gan fhreagairt. Tá gach duine soiléir maidir lena bhfuil ag tarlú!'* **(Múinteoir, Gleann Maghair.)**

Baineann buntáistí leis do **thuismitheoirí** freisin maidir lena thábhachtaí agus atá sé go dtacódh siad le foghlaim a leanaí. Tríd an scoláire a bheith i láthair ag an gcruinniú cinntítear go bhfuil tuiscint níos fearr ag an tuismitheoir agus ag an leanbh ar na saincheisteanna teagaisc agus foghlama. *'Mar thuismitheoir, má fhaigheann tú amach ó chruinniú go bhfuil deacrachtaí le hobair bhaile nó le hiompar beidh tú in ann déileáil leo gan ligean do rudaí nach bhfuil chomh tábhachtach céanna cur isteach ort. Beidh tú cinnte maidir leis na rudaí nach mór duit déileáil leo, an áit ina bhfuil gá le níos mó tacaíochta agus mar sin de.'* **(Tuismitheoir, Gleann Maghair.)** Tá sé an-tábhachtach go mbeadh tuismitheoirí soiléir ar na príomh-shaincheisteanna.

Deir múinteoirí freisin go mbíonn tionchar dearfach ag an gcruinniú TMS ar iompar na scoláirí sa seomra ranga agus ar a ndearcadh i leith a gcuid oibre, a rannpháirtíochta agus a dtiomantas.

Cé nach é an chéad rud a ritheann linn é, cuireann gach duine aithne níos fearr ar a chéile sna cruinnithe TMS. Buntáiste mór é seo do thuismitheoirí. *'Ní bhíonn tú ag siúl thart i halla mór nó pasáiste leat féin ag iarraidh a dhéanamh amach cé hiad na múinteoirí ar fad. Tá do leanbh féin leat agus mothaíonn tú ar do chompord sa scoil mar gheall air sin.'*
(Tuismitheoir, Gleann Maghair.)

Shíl tuismitheoirí agus scoláirí in Inis Crabhann gur eispéireas dearfach a bhí sna cruinnithe freisin; tá méadú 25% tagtha ar rannpháirtíocht tuismitheoirí ó d'athraigh an scoil chuig an gcóras seo.

Bíonn na cruinnithe seo an-luachmhar do **na scoláirí** freisin. Faigheann siad deis léargas a fháil ar a ndul chun cinn in ábhair éagsúla ar bhonn duine le duine. Mar a dúirt scoláire i nGleann Maghair: *'Uaireanta sa seomra ranga tugann an múinteoir treoirlínte ginearálta faoin ábhar atá tábhachtach, ach sa chruinniú tá an múinteoir in ann díriú ar do láidreachtaí féin agus ar na réimsí nach mór díriú orthu agus a fheabhsú. Comhairle duit féin amháin.'* Tá an-mheas ag scoláirí ar mhúinteoirí a bheith ag díriú airde orthusan agus ar athbhreithniú an mhúinteora ar obair an scoláire aonair. Mothaíonn siad gur deis maith é chun na ceisteanna cearta a chur freisin. Faigheann na scoláirí 'an teachtaireacht iomlán' ar an bpointe agus iad ar láthair an chruinnithe TMS in áit a bheith ag fanacht le scéala óna dtuismitheoirí. Mothaíonn scoláirí anois go bhfuil níos mó céille ag baint lena n-obair scoile a phlé sa bhaile. Tuigeann na scoláirí gur féidir leo níos mó leasa a bhaint as na cruinnithe de réir mar a éiríonn siad níos sine agus níos muiníní, agus go mbíonn tuiscint níos fearr acu ar an dul chun cinn atá á dhéanamh acu agus ar a riachtanais.

Athbhreithniú ar dhul chun cinn

Mar a luadh cheana, bíonn dhá chruinniú in aghaidh na bliana ag an scoil in Inis Crabhann agus ag an scoil i nGleann Maghair do scoláirí na hArdteistiméireachta. Leagtar amach spriocanna na bliana sa chéad chruinniú agus déanann an dara cruinniú athbhreithniú ar dhul chun cinn an scoláire. Bíonn sé seo tábhachtach nuair a dírítear aird ar nósanna staidéir, eagrú oibre, leibhéal an scrúdú a dhéanfar agus mar sin de, ag an gcéad chruinniú.

Aontaíonn tuismitheoirí gurb é an t-aon mhíbhuntáiste a bhaineann leis an gcóras seo i gcás an scoláire nach bhfuil ag saothrú de réir a c(h)umais ná go n-ardófar an cheist sa chruinniú agus fós, mar a dúirt tuismitheoir ó Ghleann Maghair, 'ní míbhuntáiste é i ndáiríre, mar is iondúil go dtiocfaidh athrú ar an scoláire mar thoradh ar an bplé agus ba cheart go gcinnteodh sé nach rud leanúnach é.'

Measúnú chun Foghlama

Baineann buntáistí soiléire leis an gcóras seo ó thaobh McF de.

- Tá an cruinniú dírithe ar dhul chun cinn an scoláire san fhoghlaim, ní ar ráitis ghinearálta faoi chumas nó iompar.
- Tugann sé deis don mhúinteoir cuspóirí agus spriocanna a leagan amach, a roinnt agus athbhreithniú a dhéanamh orthu i gcás gach scoláire.
- Tugann sé deis don scoláire aiseolas agus treoir ar leith dó/di féin a iarraidh ar an múinteoir.
- Ciallaíonn sé go gcloiseann tuismitheoir príomhteachtaireachtaí faoi dhul chun cinn a linbh (moladh agus spreagadh san áireamh) agus ní bhíonn orthu na teachtaireachtaí a athinsint ina dhiaidh sin.

Is mar seo a chuir tuismitheoir ó Choláiste Pobail Ghleann Maghair é: 'Tá sé níos fusa teacht ar bhunús caibidle má tá na páirtithe uile i láthair.'

Ár mbuíochas leis an tSiúr Mary Kelly, Príomhoide Mheánscoil Íosa agus Mhuire, Inis Crabhann, An tUasal John Fitzgibbons, Príomhoide Choláiste Pobail Ghleann Maghair agus na múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí ó Ghleann Maghair a roinn a n-eispéiris agus a n-eolas linn.

Bheadh an-áthas orainn cloisteáil faoi chruinnithe TMS i do scoilse agus do thaithí orthu, nó más mian leat rud ar bith a rá faoin alt seo, déan teagmháil linn ag: **newsletter@ncca.ie**.

Oideachas luath-óige

Bliain ghnóthach eile a bheidh in 2006 d'Fhoireann Luath-Óige na CNCM. Bunaithe ar a lán de na moltaí agus tuairimí a rinne an earnáil luath-óige, múinteoirí naíonán san áireamh, le linn an chomhairliúcháin ar fhorbairt na *Creatlaí don Luath-Fhoghlaim* in 2004, tá trí thasc le déanamh acu anois:

- ábhar na Creatlaí don *Luath-Fhoghlaim a fhorbairt*
- staidéar portráidíochta i suímh éagsúla, ranganna naíonán san áireamh, a chomhlánú
- páipéir chúlra a scríobh.

Príomhchuid d'obair na foirne faoi láthair is ea léargas a thabhairt ar luathfhoghlaim agus forbairt pháistí trí théamaí na Creatlaí (dea-bhraistint, féiniúlacht agus muintearas, cumarsáid, taiscéalaíocht agus smaointeoireacht) ag baint úsáide as aidhmeanna, cuspóirí agus eispéiris foghlama. Cabhróidh ár n-obair phortráidíochta le páistí, múinteoirí agus tuismitheoirí i ranganna naíonán le neart samplaí praiticiúla a chur san áireamh ar conas is féidir le cleachtóirí agus múinteoirí na haidhmeanna agus spriocanna a úsáid le tacú le foghlaim agus forbairt pháistí óga.

Beidh an *Chreatlach don Luath-Fhoghlaim* comhlánaithe faoi earrach/samhradh 2007 agus ina dhiaidh sin foilseofar é agus tabharfar do shuímh luath-óige agus ranganna naíonán é.

Tá tuilleadh faisnéise faoin *gCreatlach don Luath-Fhoghlaim* le fáil ag **www.ncca.ie.**

Próifíl: Anne Moloney

Oifigeach Oideachais, TFC don Bhunoideachas

Bhí baint mhór ag foghlaim le saol Anne Moloney riamh. Ó bhlianta a hóige i gCo. an Chláir go dtína post anois mar oifigeach oideachais sa CNCM, tá an-tsuim léirithe aici i ngnéithe acadúla agus praiticiúla an teagaisc agus na fhoghlama.

Rinne sí staidéar ar cheird na múinteoireachta i gColáiste Mhuire Gan Smál, Luimneach. Ansin chaith sí dhá bhliain ag teagasc i scoil lárchathrach i mB.Á.C. agus 15 bliain i scoil náisiúnta Naomh Pilib i gCluain Saileach. Le linn na tréimhse seo bhain sí amach Dioplóma i Riarachán an Oideachais agus céim M.Oid. ó Choláiste na hOllscoile, B.Á.C., agus Dioplóma Iarchéime i Staidéir Ghnó agus Teicneolaíocht an Eolais ó Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath.

Spreag an curaclam agus a dúil in athrú í chun dul i mbun oibre le Clár Tacaíochta Churaclam na Bunscoile nuair a seoladh an curaclam athbhreithnithe in 1999. Tar éis di bliain fhíorghnóthach ach 'fhíorshuimiúil' a chaitheamh leis, chinn Anne go raibh sé in am di tabhairt faoi shaol na tráchtála agus trí shnáithe a saoil oibre a úsáid. Tharraing a post mar Dhearthóir Teagascach leis an gcuideachta ríomhfhoghlama, Smartforce, le chéile teagasc, foghlaim agus TFC. Athrú suimiúil a bhí anseo d'Anne: 'Bhí sé an-difriúil. Mar mhúinteoirí táimid freagrach as ár gcuid oibre féin - déanaimid cinntí agus déanaimid rudaí ar ár mbealaí féin. Nuair atá tú ag obair i ngnó, is cuid de phróiseas tú.'

Thosaigh Anne ag obair leis an CNCM in 2003 ar TFC i gcuraclam na bunscoile agus 'caitheadh isteach ina lár í', ag obair ar na treoirlínte TFC a foilsíodh i mí Márta 2004. Tá Anne an-tiomanta den TFC agus tá tuairimí láidre aici ar a ról i saol páistí. 'Is gnáthchuid de shaol na bpáistí é TFC, fiú sula dtosaíonn siad ar scoil, agus uirlis thar a bheith úsáideach atá ann do mhúinteoirí freisin. Tá ról thar a bheith tábhachtach ag múinteoirí i gcabhrú le páistí TFC a úsáid ar bhealach fiúntach, cruthaitheach, muiníneach agus sábháilte san fhoghlaim. Dúshlán mór is ea úsáid an Idirlín ar bhealach fiúntach do TFC i scoileanna. Ní mór dúinn oideachas a chur ar ár bpáistí faoin eitic agus na himpleachtaí don tsochaí a bhaineann le húsáid an Idirlín agus conas é a úsáid le teicneolaíochtaí móibíleacha, mar shampla, i dtéarmaí cearta agus freagrachtaí. Is tábhachtaí i bhfad an cineál faisnéise seo ná ceisteanna mar 'conas a dhéantar é seo'.

Tá baol ann i gcónaí le TFC go mbainfidh níos mó tábhachta agus bagartha leis an teicneolaíocht ná na féidearthachtaí a bhaineann lena úsáid, nó lena mhí-úsáid fiú. Nuair atá daoine cosúil le Anne Moloney ag obair ar an gcreatlach TFC do scoileanna is féidir linn ar fad a bheith muiníneach go mbeidh an lá ag peirspictíocht eolasach, chiallmhar.

Teanga agus litearthacht

Céard atá ag tarlú i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán?



m3 pictiúrtha
landslide *n* (GEOG) maidhm *f2* thalún; **landslide victory** (*fig*, POL) bua *m4* caoch, bua maidhme
lane *n* (*in country*) bóithrín *m4*, cabhsa *m4*; (AUT, *in race*) lána *m4*
language *n* teanga *f4*; **bad language** droch-chaint *f2*
language laboratory *n* teanglann *f2*, saotharlann *f2* teanga
lank *adj* (*hair*) marbh, murtallach
lanky *adj* scailleagánta, reangach
lantern *n* lóchrann *m1*
Laois *n* Laois *f2*
lap *n* (*of track*) cuairt *f2*; (*of body*): **in** *or* **on one's ~** i d'ucht *m3* ◆ *vt* leadhb siar ◆ *vi* (*waves*)

(*tie*) ceangail ▸ **lash out** *vi*: **to ~ out at** *or* **against** iarraidh de bhuille a thabhairt ar
lass *n* cailín *m4*
lasso *n* téad *f2* ruthaig
last *adj* deireanach, déanach ◆ *ad* ar deireadh; (*finally*) faoi dheireadh ◆ *vi* mair; **last week** tseachtain seo caite; **last night** (*evening*) tráthnóna aréir; (*night* aréir; **last year** anuraidh; **at last** faoi dheireadh; **last but one** leathdheiridh, leathdheireanach **and last but not least** agus an meall is mó ar deireadh; **to ma sth last** fad a bhaint as rud

An dtosaíonn tú le léitheoireacht fhoirmiúil as Gaeilge nó as Béarla? An bhfuil beartas ag do scoil maidir le tús na teanga agus na litearthachta? Sin cuid de na ceisteanna atá á iarraidh againn ar mhúinteoirí sa chomhairliúchán ar theanga agus litearthacht i mbunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán. Agus is fiú freagraí a fháil orthu mar go gcabhróidh siad le forbairt na dtreoirlínte ar bheartas agus cleachtas i réimse ina bhfuil raon leathan cur chuige á gcleachtadh.

Tá ullmhúcháin an chomhairliúcháin seo thart mar is léir ón doiciméad comhairliúcháin (ar ár láithreán gréasáin) a úsáideann eolas ó dhá mhórphíosa oibre: cur síos ar chleachtas i scoileanna agus athbhreithniú ar litríocht taighde.

Cur síos ar chleachtas

Thug baill foirne ón CNCM cuairt ar shé scoil atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge (3 Ghaelscoil agus 3 scoil Ghaeltachta) ar fud na tíre chun faisnéis ar chleachtas i ngach scoil a bhailiú agus chun an réasúnaíocht atá mar bhonn leis na cleachtais éagsúla a léiríodh a scrúdú. Rinneamar agallaimh leath-struchtúrtha agus agallaimh le grúpaí fócais i ngach scoil agus thógamar nótaí ar thuairimí agus eispéiris pháistí, mhúinteoirí, tuismitheoirí agus bainistíocht scoile. D'aimsíomar go n-athraíonn cleachtas ag braith ar

- an gcuirtear tús le léitheoireacht fhoirmiúil as Gaeilge nó as Béarla
- méid agus nádúr theagasc an Bhéarla sna ranganna naíonán
- na cuir chuige a bhí in úsáid.

Athbhreithniú litríochta

Baineann an doiciméad comhairliúcháin leas as athbhreithniú ar litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta ar chuir chuige i leith teanga agus litearthacht i gcineálacha éagsúla suíomh ina bhfuil dhá theanga nó níos mó mar dhlúthchuid den chultúr. Ciortar ceisteanna sna réimsí seo a leanas

- pleanáil churaclaim
- cineálacha éagsúla tumtha (na cineálacha suíomh ina bh'faigheann foghlaimeoirí a gcuid oideachais trí mheán an dara teanga)
- cothabháil teanga (conas a choinnítear teangacha atá i mbaol beo mar theangacha beo i measc an phobail)
- rannpháirtíocht tuismitheora
- measúnacht agus gnóthachtáil
- forbairt ghairmiúil.

Éilíonn an chéad chéim eile sa phróiseas comhairliúcháin rannpháirtíocht mhúinteoirí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Iarraimid oraibh staidéar a dhéanamh ar an doiciméad comhairliúcháin **(ar www.ncca.ie)** agus bhur dtuairimí agus smaointe a chur ar fáil tríd an suirbhé ar líne nó trí fhreagairt scríofa sheoladh chugainn.

Úsáidfear torthaí an chomhairliúcháin sa chomhairle a chuirfimid ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta faoin tsaincheist seo agus chun eolas a chur ar fáil d'fhorbairt treoirlínte ar theanga agus litearthacht i mbunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán. Más spéis leat a bheith páirteach, nó fiú an próiseas féin, tabhair cuairt ar **www.ncca.ie** mar a bhfuil na sonraí iomlána le fáil.

Is féidir leat do thuairimí agus smaointe a chur ar fáil trínár suirbhé ar líne nó trí fhreagairt scríofa a sheoladh chugainn.

DVD do thuismitheoirí

Foghlaim Leanaí sa Bhunscoil: Céard, Cén Fáth agus Conas?

DVD do thuismitheoirí is ea Foghlaim Leanaí sa Bhunscoil: *Céard, Cén Fáth agus Conas?* faoi Churaclam na Bunscoile. Seoladh le déanaí é agus tá tuismitheoirí leanaí bunscoile ar fud na tíre ag fáil a gcóipeanna saor in aisce le tamall anuas. Cuireadh cóipeanna do mhúinteoirí i ngach pacáiste scoile, mar go bhfuil a fhios againn go mbeidh an acmhainn seo úsáideach agus iad ag labhairt le tuismitheoirí na leanaí ina seomraí ranga.

Is fearr an aithne atá ag tuismitheoir ar a leanbh féin ná duine ar bith eile agus is gá tacaíocht na dtuismitheoirí chun go n-éireoidh go maith leis na leanaí inár scoil.
Mary: Príomhoide Scoile

Céard faoi an DVD seo?

Soláthraíonn an DVD faisnéis do thuismitheoirí faoin ábhar a fhoghlaimíonn leanaí ar scoil, cén fáth a bhfoghlaimíonn siad leis an gcuraclam agus conas a fhoghlaimíonn siad trí mhodheolaíochtaí éagsúla teagaisc. Tarraingíonn réamhrá an DVD aird ar ról tábhachtach an tuismitheora i dtacú le foghlaim an linbh. Tugann sé léargas ar Churaclam na Bunscoile (ábhar agus modheolaíochtaí), faisnéis faoi mheasúnacht agus obair bhaile.

Trí scéalta foghlama cúigear leanaí ar scoil agus sa bhaile a chur i láthair, tugann an DVD léargas do thuismitheoirí ar eispéiris leanaí le Curaclam na Bunscoile. Tosaítear le scéal Lucy atá dhá bhliain d'aois agus dírítear ar an luathfhoghlaim sa bhaile. Tá Colm cúig bliana d'aois agus díríonn a scéal ar fhoghlaim i ranganna na naíonán. Déanann Courtney (seacht mbliana d'aois) cur síos ar a eispéiris foghlama i ranganna a haon agus a dó. Tugann Seán (naoi mbliana d'aois) léargas ar fhoghlaim i ranganna a trí agus a ceathair agus tugann Abeeha atá aon bhliain déag d'aois léargas ar fhoghlaim i ranganna a cúig agus a sé. Trí scéalta an chúigir, léiríonn an DVD conas is féidir le tuismitheoirí tacú le foghlaim a leanaí agus iad ag ullmhú don bhunscoil, ag freastal ar an mbunscoil agus ag ullmhú don iarbhunscoil.

Is breá liom Gaeilge, is breá!
Leanbh ó rang a dó

Conas a chabhróidh an DVD le tuismitheoirí leanaí i mo rang?

Tharraing *Athbhreithniú Churaclam na Bunscoile, Pas 1* (2005) na CNCM, agus comhairliúchán le tuismitheoirí, aird ar an ngá a bhí ag tuismitheoirí le treoir agus comhairle níos mionsonraithe d'fhonn leanaí a ullmhú go héifeachtach don bhunscoil agus d'fhonn tacú lena bhfoghlaim. Freastalaíonn an DVD ar an riachtanas seo trí léargas 'an cheamara chúlráidigh' d'fhoghlaim i mbailte agus seomraí ranga réadacha a thabhairt dóibh, rud a chuirfidh le tuiscint na dtuismitheoirí ar eispéireas scoile a leanaí. Tugann sé comhairle do thuismitheoirí ar bhealach spraíúil agus suimiúil, ar na slite praiticiúla ar féidir leo tacú le foghlaim a leanaí sa bhaile. Freagraíonn sé a lán de na ceisteanna a bhíonn ag tuismitheoirí maidir le foghlaim a leanaí leis an gcuraclam agus leagan sé béim ar thábhacht ról an tuismitheora i gcabhrú le leanaí dul chun cinn a dhéanamh san fhoghlaim.

Cén fáth DVD?

Trí mheán an DVD, bhíomar in ann dul i bhfeidhm ar raon níos ilghnéithí tuismitheoirí in 2006 i gcomparáid le leabhrán na CNCM, *'Your child's learning'* a foilsíodh in 2000. Trí roghchlár de chúig theanga (Béarla, Gaeilge, Fraincis, Liotuáinis, Polainnis), freastalaítear ar thuismitheoirí ó chúlraí cultúrtha éagsúla. Tá rogha eile fós a ligeann duit na fotheidil i mBéarla a léamh agus tú ag féachaint ar leaganacha na dteangacha difriúla. Lena chois sin, tá an rogha ann féachaint ar an DVD ina iomláine nó ar chodanna éagsúla ag amanna éagsúla.

Sílim gurb é an bealach is fearr le foghlaim ná a bheith ag obair i ngrúpaí agus a bheith ag plé ábhar ar leith
Leanbh ó rang a cúig

info@ncca

Nuair a shuíonn tú síos le do leanaí ... agus nuair a chaitheann tú uair nó fiú leathuair leo ... agus na rudaí ar féidir leat a rá leo a dhéanamh agus an bealach a fhoghlaimíonn siad uaidh ... Síleann siad go bhfuil sé go hiontach!
Helen: Tuismitheoir

Conas a chuideoidh an DVD le mo chuid oibre mar mhúinteoir?

Acmhainn luachmhar atá sa DVD do mhúinteoirí freisin ó thaobh faisnéise a roinnt faoin gcaoi a n-eagraítear an curaclam sa seomra ranga agus sa scoil. De bhrí go bhfuil an DVD idirghníomhach, is féidir scéal an linbh ag leibhéal do ranga a úsáid chun faisnéis a thabhairt do thuismitheoirí agus tús a chur le díospóireacht ar conas is féidir leo tacú le foghlaim i do sheomra ranga. Nó, d'fhéadfá an réamhrá a thugann forléargas ar Churaclam na Bunscoile a úsáid chun tús a chur le plé le tuismitheoirí ar shaincheisteanna difriúla ar an gcuraclam. Tá rogha agat an DVD a úsáid cibé slí is mian leat.

Tá tuilleadh fós le teacht....

Nuair atá suim ag tuismitheoir i rud éigin tá suim ag an leanbh ann freisin.
Maeve: Múinteoir

D'fhonn tacú le scoileanna an DVD a úsáid le tuismitheoirí, tá teimpléid ullmhaithe ag an CNCM do bhunscoileanna ina bhfuil faisnéis ar fhoghlaim leis an gcuraclam sna ceithre leibhéal ranga. Foilseofar na teimpléid i bhfoirm leabhráin agus ar láithreán gréasáin na CNCM: **www.ncca.ie.** Féadfaidh scoileanna an leabhrán seo a íoslódáil agus é a chur in oiriúint dóibh féin trí shonraí na scoile a chur air, m.sh., ainm, suaitheantas nó lógó na scoile a chur ar an leathanach tosaigh. Tá súil againn go mbainfidh tusa agus do chomhghleacaithe leas as na teimpléid agus sibh ag labhairt le tuismitheoirí le linn na scoilbhliana.

Míle Buíochas

Ba mhaith leis an CNCM buíochas ó chroí a ghabháil leis na príomhoidí, múinteoirí, tuismitheoirí agus leanaí a chuidigh le forbairt an DVD *Foghlaim Leanaí sa Bhunscoil: Céard, Cén Fáth agus Conas?* Thug siad cead dúinn dul isteach ina scoileanna agus ina mbailte agus fuaireamar léargas suimiúil ar an tacaíocht a fhaigheann leanaí agus iad ag foghlaim, tacaíocht ó mhúinteoirí agus ó thuismitheoirí araon. Tá súil againn go mbainfidh sibh leas as an DVD agus táimid ag tnúth le cloisteáil faoi bhur n-eispéiris ag: **newsletter@ncca.ie.**

Táim thar a bheith bródúil aisti, ach ní hamháin bródúil. Tá áthas orm go bhfuil sí ar an mbóthar ceart agus ar bóthar a leasa
Tariq: Tuismitheoir

An dara bliain

Eispéiris scoláirí dara bliana

Áireoidh formhór múinteoirí an dara bliain ar an mbliainghrúpa is deacra agus is dúshlánaí le teagasc sa tsraith shóisearach. Le soineantacht na chéad bhliana ar gcúl, troideann siad an córas sa dara bliain. Go hiondúil deirtear gurb é ógántacht nó easpa airde ar scrúdú, nó meascán de chúiseanna eile a bhunús. Tá taighdeoirí ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta tar éis léargas a thabhairt dúinn ar shaol an scoláire dara bliana le déanaí mar chuid de staidéar ollmhór atá coimisiúnaithe ag an CNCM. D'iarr siad ar os cionn 900 scoláire in 12 scoil in Éirinn a ndearcadh a thabhairt ar shaol na scoile sa dara bliain.

Tugann torthaí an staidéir léargas ar leith ar thuairimí scoláirí faoin scoil, na hábhair a thaitníonn agus nach dtaitníonn leo, na rudaí a chabhraíonn leo foghlaim, a ngaolmhaireacht lena múinteoirí agus mar a mhothaíonn siad fúthu féin. Ní ag lorg freagraí cinnteacha atáimid sa chuid seo den taighde, ach ardaíonn sé roinnt ceisteanna atá thar a bheith suimiúil agus íogair! Céard a cheapann na scoláirí mar sin...

...faoin scoil

An dea-scéal! Deir formhór scoláirí dara bliana go dtaitníonn an scoil leo, go réitíonn siad go maith leis na múinteoirí, go ndéanann siad a ndícheall agus go nglacann siad páirt iomlán i saol na scoile. Is mó cailíní ó chúlraí gairmiúla agus a bhfuil cumas acadúil níos airde acu a deir é seo. Ach is scéal eile atá ag líon beag scoláirí. Níl dea-chaidreamh acu lena múinteoirí; ní bhíonn siad go maith sa rang agus 'bíonn na múinteoirí ag

Deir formhór na scoláirí sa dara bliain go dtaitníonn an scoil leo, go n-éiríonn go maith leo lena múinteoirí, go ndéanann siad a ndícheall agus go nglacann siad páirt iomlán i saol na scoile.

info@ncca

tabhairt amach dóibh' níos minice; síleann siad go bhfuil siad ag titim ar gcúl agus go bhfuil siad ag ullmhú chun an scoil a fhágáil. I mórán cásanna is buachaillí le cumas acadúil níos ísle iad na 'scoláirí a thiteann ar gcúl'. Go deimhin, tagann an dá ghrúpa seo, lena n-eispéiris agus ionchais dhifriúla den scoil, chun cinn arís agus arís eile i dtorthaí an staidéir. Ní cúis ionaidh ar bith é seo shílfeá...ach céard faoi seo? Is iondúil go dtiteann céatadán na scoláirí a shíleann go bhfuil obair scoile suimiúil 50% ó thús na chéad bhliana go 20% faoi dheireadh an dara bliain.

...na hábhair a dhéanann na scoláirí

Deir scoláirí go dtaitníonn ábhair leo ina mbíonn an fhoghlaim ghníomhach, cosúil le tionscadail, ábhair ar nós ealaín, na hábhair theicneolaíochta, eacnamaíocht bhaile, corpoideachas, ceol. Níl an oiread céanna suime acu i nGaeilge, Fraincis, Gearmáinis, matamaitic, staidéar gnó, stair agus tíreolaíocht. Baineann níos mó tábhachta fiú leis na hábhair 'ghníomhacha' i gcás an ghrúpa ar neamhshuim leo an scoil. Cén fáth? Léiríonn an staidéar, nach bhfuil an rochtain chéanna ag scoláirí sa ghrúpa seo ar ábhair le béim ar phraiticiúlacht agus atá ag a gcomhscoláirí a bhfuil cumas acadúil níos fearr iontu? D'aithin an staidéar freisin go raibh mothúcháin níos diúltaí i leith na scoile agus na múinteoirí ag scoláirí a raibh rogha ábhair theoranta acu agus a raibh aiféala orthu gur roghnaigh siad ábhair áirithe, i gcomparáid le grúpaí eile.

...faoi theagasc

Bhuel mar sin, céard a dhéanann múinteoir maith? Seo a leanas cur síos ár scoláirí dara bliana ar mhúinteoir maith:

- múinteoir a mhíníonn rudaí go maith
- múinteoir a bhaineann taitneamh as a bheith ag teagasc
- múinteoir ar féidir leis na scoláirí labhairt leis / léi
- múinteoir a bhfuil féith an ghrinn aige / aici.

Ar na tréithe eile a luann na scoláirí tá 'múinteoir a spreagann na scoláirí chun ceisteanna a chur', 'múinteoir a mholann na scoláirí', 'múinteoir nach mbíonn ag tabhairt amach go síoraí', 'múinteoir atá in ann smacht a choinneáil ar an rang' agus 'múinteoir a dhéanann cur síos ar an ábhar amhail is gur cuid den saol é'.

...faoi fhoghlaim

Dúirt siad go bhfoghlaimíonn siad go leor sna ranganna ina mínítear gach rud go maith, nuair a thaitníonn an t-ábhar leo (na scoláirí) agus nuair a bhíonn siad go maith ag an ábhar. Chabhraigh gníomhaíochtaí praiticiúla cosúil le díospóireachtaí, obair ghrúpa, nó an múinteoir ag cur an ábhair in iúl ar bhealach suimiúil trí mhodhanna teagaisc dhifriúla seachas an téacsleabhar, leo foghlaim. Mar a dúirt scoláire amháin: 'Agus d'fhoghlaimeofá an-chuid freisin...rinneamar gníomhaíocht iomlán ar rud éigin cosúil leis na briathra Fraincise sin a fhoghlaim agus anois tá na briathra sin ar eolas ag gach duine...d'fhoghlaim gach duine na briathra gan iarracht a dhéanamh fiú, cluiche a bhí ann i ndáiríre.'

...faoi shruthú

Torthaí diúltacha ar shruthú atá sa taighde den chuid is mó agus tarraingíonn siad aird ar cheann de na ceisteanna is íogaire: cén mhaith a dhéanann sruthú do na scoláirí sna sruthanna is ísle? Go bunúsach is é seo an freagra: coinníonn sé na scoláirí sna sruthanna ísle. Nuair a chuirtear scoláirí sna sruthanna is ísle chomh luath leis an gcéad bhliain san

Deir scoláirí go dtaitníonn ábhair leo ina mbíonn an fhoghlaim ghníomhach, cosúil le tionscadail.

iarbhunscoil, fhanann siad sna sruthanna sin don tsraith shóisearach agus déanann siad na páipéir ghnáthleibhéil nó bhunleibhéil sa scrúdú. Dar ndóigh, bíonn tionchar aige seo ar na leibhéil ag a ndéanann siad na hábhair don Ardteistiméireacht, má bhíonn siad fós ag freastal ar an scoil. An rud is diúltaí faoi seo ar fad ná go dtuigeann na scoláirí féin an patrún seo. Bíonn tionchar aige ar dhearcaí na scoláirí i leith obair bhaile agus staidéir. Caitheann scoláirí a deir go bhfuil siad 'os cionn an mheáin' an méid is mó ama ar obair bhaile (95 nóiméad), agus caitheann scoláirí a deir go bhfuil siad 'faoi bhun an mheáin' an méid is lú ama ar obair bhaile (60 nóiméad). Sna scoileanna ina bhfuil sruthanna éagsúla agus a dhéanann 'grádú' ar na scoláirí, dúirt a lán scoláirí sna bunsruthanna nach bhfuair siad obair bhaile ar bith mar nach ndéanfaidís é!

...faoi staidéar agus scrúduithe

Bíonn tuairimí na scoláirí ar staidéar agus scrúduithe ag bréagnú a chéile uaireanta. Cé go gceapann siad go ginearálta gur maith an rud é staidéar a dhéanamh, deir a bhformhór nach ndéanann siad staidéar ar bith, agus ligean siad orthu nach bhfuil staidéar ar bith déanta acu fiú má tá. Is cosúil go bhfuil eagla orthu go mbeadh scoláirí eile ag magadh fúthu toisc iad a bheith ag staidéar agus nach dteastaíonn uathu go mbeadh a fhios ag scoláirí eile go raibh siad ag staidéar ar eagla nach n-éireodh rómhaith leo. Tá sé go maith a bheith 'cliste' ach níl sé 'cool' staidéar a dhéanamh!

Conas an chuid is fearr a fháil ó do scoláirí dara bliana

Léiríonn an staidéar gurb é an cineál idirghníomhaíochta atá ag scoláirí le múinteoirí agus leis an scoil is mó tionchair ar a ndul chun cinn sa dara bliain. Bhí féiníomhá níos dearfaí, acadúil agus sóisialta, ag scoláirí a raibh idirghníomhaíocht dhearfach acu leis na múinteoirí. A mhalairt a bhí fíor i gcás scoláirí a raibh idirghníomhaíocht dhiúltach acu lena múinteoirí. Tá seans maith ann go dtabharfaidh siad cúl don fhoghlaim agus do shaol na scoile, go mbeidh ardmhianta acadúla níos ísle acu, go mbeidh siad as láthair níos minice agus go bhfágfaidh siad an scoil roimh nó tar éis an Teastais Shóisearaigh.

Ach sa chás ina bhfuil timpeallacht na scoile agus atmaisféar an tseomra ranga dearfach, tá seans níos mó ann go mbainfidh scoláirí níos mó taitnimh as an scoil agus go dtaitneoidh na múinteoirí leo. Díreoidh siad isteach ar an staidéar, beidh ardmhianta acadúla níos airde acu agus níl an baol céanna ann go mbeidh siad dána. Ní fhéadaimis a bheith ag súil le haon rud sa bhreis air sin!

Tá an t-alt seo bunaithe ar *Pathways through Junior Cycle: the experiences of second year students* le Emer Smyth, Allison Dunne, Selina McCoy agus Merike Darmody, An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Tá achoimre na dtorthaí le fáil saor in aisce ó **www.ncca.ie.**

Tuairiscí Scoile

Conas a thuairiscíonn bunscoileanna i dtíortha eile ar dhul chun cinn?

Is gearr go mbeidh sé in am tosú ar na tuairiscí cinn bhliana! B'fhéidir go spreagfaidh sé seo machnamh ar bhuanna agus laigí na formáide atá in úsáid i do scoilse. Tá an CNCM ag machnamh ar chabhrú le múinteoirí bunscoile tuairisc ar dhul chun cinn leanaí a chur ar fáil do thuismitheoirí, agus táthar tosaithe ar Theimpléid do Chártaí Tuairisce ar féidir le scoileanna a chur in oiriúint dóibh féin a fhorbairt.

Tá iniúchadh déanta againn, le cabhair na gceisteanna seo a leanas, ar conas a thuairiscíonn scoileanna i dtíortha eile ar dhul chun cinn leanaí:

- Cén fhaisnéis a bhíonn sna tuairiscí?
- Conas a dhéantar cur síos ar dhul chun cinn leanaí sna tuairiscí?
- Cé chomh minic a fhaigheann tuismitheoirí tuairiscí?
- Cén ról a bhíonn ag tuismitheoirí agus leanaí sa phróiseas?

Chuireamar na ceisteanna seo ar 11 tír, lena n-áirítear An Astráil (Queensland), Ceanada (British Columbia), An Fhionlainn, An Ghearmáin, An tSeapáin, An Ísiltír, An Nua-Shéalainn, Tuaisceart Éireann, Albain, An Spáinn agus An tSualainn. Ba léir dúinn go raibh ábhar na dtuairiscí cosúil sna tíortha ar fad, ach go raibh difríocht shuntasach sa tslí ar cuireadh an dul chun cinn in iúl. Go hiondúil eisítear tuairiscí i gcomhar le cruinnithe tuismitheora/múinteora agus i dtíortha áirithe áirítear na leanaí féin sa phróiseas tuairiscithe. Tá éagsúlacht idir líon na dtuairiscí a eisítear gach bliain freisin.

"Tá a ghráid ag dul in olcas. Is dócha go bhfuil sé 'ag crochadh thart' leis an dream mícheart."

Cén fhaisnéis a bhíonn sna tuairiscí?

I bhformhór na dtíortha, bíonn dhá chineál faisnéise le fáil sa tuairisc - faisnéis faoi dhul chun cinn an linbh sna hábhair churaclaim nó sna réimsí foghlama, agus faisnéis faoi láidreachtaí agus laigí foghlama an linbh. Tuairiscítear ar chlaontachtaí foghlama an linbh i gcásanna áirithe m.sh., inspreagadh, scileanna smaointeoireachta, nósanna oibre agus forbairt phearsanta agus shóisialta an linbh m.sh., spraoi, iompar, cúram pearsanta. Sonraíonn údaráis oideachais i roinnt tíortha na rudaí nach mór a bheith i dtuairisc. Mar shampla i British Columbia, bíonn ráitis faoi chumas an linbh, faoi na réimsí foghlama a dteastaíonn cúram nó forbairt bhreise uathu agus faoi na bealaí ar féidir leis an múinteoir agus le tuismitheoirí tacú le riachtanais foghlama an linbh. I dtíortha eile, ní mór don scoil faisnéis íosta a chur ar fáil. I Sasana agus sa Bhreatain Bheag caitheann faisnéis faoi na nithe seo a leanas a bheith le fáil sa tuairisc

- an méid atá bainte amach i ngach ábhar
- dul chun cinn ginearálta
- tinreamh
- torthaí trialacha an Churaclaim Náisiúnta.

Is iad na scoileanna féin a chinneann formáid agus leagan amach a gcártaí tuairisce i bhformhór na dtíortha agus fágtar fúthu aon fhaisnéis bhreise a chur san áireamh.

Conas a dhéantar cur síos ar dhul chun cinn leanaí sna tuairiscí?

Úsáideann formhór na dtíortha *torthaí* seachas *noirm* chun tuairisciú ar fhoghlaim leanaí. Úsáideann múinteoirí *leibhéil* (m.sh. Tuaisceart Éireann, Sasana, An Bhreatain Bheag) chun an dul chun cinn a léiriú. I dTuaisceart Éireann, baintear úsáid as leibhéil idir 1 agus 5 chun tuairisciú ar litearthacht, uimhearthacht agus TFC. I mBliain 4, meastar obair an linbh sa mhatamaitic a bheith *inniúil* ag Leibhéal 2; i mBliain 6, meastar go bhfuil obair ar Leibhéal 4 inniúil.

info@ncca



Déanann scoileanna cinneadh faoi fhormáid agus leagan amach a gcártaí tuairisce féin i bhformhór na dtíortha a rinneadh suirbhé orthu.

Tá dul chun cinn linbh i dtreo na leibhéal seo carnach agus tá sé le baint amach thar na seacht mbliana bunscoile.

I roinnt tíortha (m.sh., An tSualainn, An Nua-Shéalainn, An Fhionlainn) baineann múinteoirí leas as tráchtanna chun tuairisc a scríobh ar fhoghlaim leanaí óga. Cuirtear gráid leis na tráchtanna seo nuair a bhíonn an leanbh i lárbhlianta an oideachais bhunscoile. Áiríonn tuairiscí in a lán tíortha torthaí trialacha caighdeánacha freisin, sa litearthacht agus san uimhearthacht go hiondúil.

Cé chomh minic a fhaigheann tuismitheoirí tuairiscí?

I bhformhór na dtíortha, faigheann tuismitheoirí dhá nó trí thuairisc i rith na scoilbhliana. Eisceacht is ea British Columbia ina gcuirtear cúig thuairisc ar fáil do thuismitheoirí i ngach scoilbhliain! Cuireann tíortha a eisíonn dhá thuairisc (cosúil le hAlbain) tuairisc eatramhach ar fáil a bhfuil béim fhoirmitheach ann (.i. é mar aidhm cabhrú le foghlaim an linbh sa chuid eile den bhliain) agus tuairisc chríochnaitheach ag deireadh na bliana (.i. léargas ar a bhfuil bainte amach ag an leanbh i rith an téarma nó na bliana). Is féidir tuairiscí a chur i láthair ó bhéal nó i bhfoirm scríofa. Is iondúil go mbuaileann múinteoirí le tuismitheoirí chun ábhar na tuairisce a phlé.

Cén ról a bhíonn ag tuismitheoirí agus leanaí sa phróiseas?

I bhformhór na dtíortha, cuireann tuairiscí comhairle ar fáil do thuismitheoirí maidir le tacú le foghlaim a leanaí. I dtíortha áirithe (m.sh., An Astráil, An Nua-Shéalainn agus Albain) tugtar comhairle bhreise do thuismitheoirí trí láithreáin ghréasáin a fhoilsíonn an aireacht nó roinn oideachais. Foilsítear samplaí d'obair leanaí ar na láithreáin ghréasáin le léargas a thabhairt do thuismitheoirí ar an méid a bhíonn ar siúl ag leanaí ar scoil.

Bíonn leanaí páirteach i dtuairiscí a fhorbairt i roinnt tíortha (m.sh. Tuaisceart Éireann, Albain). Sna cásanna sin, tugtar cuireadh do leanaí faisnéis a chur ar fáil don tuairisc sula n-eisítear é. Díríonn ionchur (i scríbhneoireacht nó líníocht) na leanaí ar a ndearcadh orthu féin mar fhoghlaimeoirí. I bhformhór na dtíortha is faoi scoileanna aonair a bhíonn sé leanaí a bheith páirteach i gcruinnithe tuismitheora/múinteora nó gan a bheith.

Conas atá an fhaisnéis seo in úsáid ag an CNCM?

Tús maith atá san fhaisnéis seo d'fhorbairt Teimpléid do Chártaí Tuairisce na CNCM. Tá Foireann Measúnachta na Bunscoile ag baint leasa as rath an tionscnaimh McF in iarbhunscoileanna freisin (feic **info@ncca** Eagrán 1) maidir le hoibriú le scoileanna i bhforbairt teimpléad.

Ní haon mhaith Teimpléid do Chártaí Tuairisce mura n-úsáideann príomhoidí agus múinteoirí iad agus iad ag obair i seomraí ranga, le leanaí agus tuismitheoirí. Tosóidh an fhoireann measúnachta ag obair le scoileanna le linn na scoilbhliana 2006-07 le cinntiú go bhfuil Teimpléid do Chártaí Tuairisce chomh praiticiúil agus chomh húsáideach agus is féidir do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí araon. Más spéis leat a bheith páirteach san obair seo, nó má tá tuilleadh faisnéise uait déan teagmháil linn ag: **newsletter@ncca.ie.**

Tá tuilleadh faisnéise ar obair mheasúnachta na CNCM le fáil ag **www.ncca.ie.**

Foghlaim a fhorbairt

An méid agus an chaoi a fhoghlaimíonn scoláirí sa tsraith shinsearach a fheabhsú.

An bhfuil scoláirí ag foghlaim an méid atá riachtanach chun iad a ullmhú don saol mór? Níos tábhachtaí ná sin, an dtugann an bealach a fhoghlaimíonn siad na scileanna agus na huirlisí dóibh a theastóidh uathu mar fhoghlaimeoirí sa todhchaí?

Le linn an athbhreithnithe ar an tsraith shinsearach bhí neart le rá ag scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí faoin ábhar agus faoin mbealach a fhoghlaimíonn scoláirí. Thagair mórán de thionchar Scrúdú na hArdteistiméireachta ar a dtarlaíonn i seomraí ranga na sraithe sinsearaí. Seo sleachta samplacha ón suirbhé ar líne (CNCM, 2004):

> *...Ní mór don tsraith shinsearach bogadh ar aghaidh ó chóras a bhfuil béim ar rudaí a thabhairt chun cuimhne ann agus ní mór dul in oiriúint le córas a bhfuil níos mó tábhachta ag baint le smaointeoireacht chriticiúil agus tuiscint.* **(Múinteoir)**

> *...ní mór go mbeadh scoláirí ag foghlaim agus é mar aidhm tuiscint a bheith acu ar an ábhar seachas a bheith ag foghlaim do scrúduithe. Mothaím gurb é seo croílár na faidhbe sa chóras reatha, agus go mbíonn tionchar aige ní hamháin ar céard agus conas a fhoghlaimíonn na scoláirí freisin ar céard a theagascann na múinteoirí agus an modh teagaisc a bhíonn in úsáid.* **(Scoláire)**

> *Tá scoláirí ró-óg le bheith ag díriú isteach ar ábhair ar leith, tagann an saol sa bhealach agus ba cheart go mbeadh a fhios ag scoláirí gur féidir leo a dtreo a athrú am ar bith le linn an tsaoil. Ba cheart go dtuigfeadh scoláirí gur féidir leo a bheith ag foghlaim ar feadh an tsaoil...* **(Tuismitheoir)**

Dúirt múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí nach mór do scoláirí na sraithe sinsearaí a gcuid foghlama a fhorbairt ar bhealaí éagsúla mar a leanas:

- foghlaim chognaíoch i dtéarmaí smaointeoireachta ardoird
- scileanna a bheidh úsáideach dóibh chun rochtain a fháil ar fhoghlaim agus foghlaim a bhainistiú amach anseo
- spreagadh agus luachanna pearsanta faoi fhoghlaim
- an cumas a bheith acu a bheith ag foghlaim go neamhspleách agus an acmhainn a bheith acu oibriú le daoine eile.

Tacaíonn díospóireachtaí i dtíortha eile leis na dearcaí seo freisin. D'áitigh tuairisc OECD a rinneadh le déanaí

> *...go dteastaíonn forbairt níos fearr ar chumais daoine ionas go mbeidh siad in ann dul i ngleic le tascanna casta intinne, tascanna a bhfuil i bhfad níos mó i gceist leo ná eolas carntha a athúsáid.*

(Tionscadal DeSeCo, Achoimre Fheidhmeach, 30 Meitheamh, 2005) **www.oecd.org/edu/statistics/deseco**

Cuir chuige maidir le feabhasú na foghlama sa tsraith shinsearach

Tá a lán den bhéim ar fhorbairtí reatha sa tsraith shinsearach ar an mbealach a fhoghlaimíonn scoláirí a fheabhsú. Tarlóidh sé seo ar roinnt bealaí éagsúla.

- Forbrófar príomhscileanna, a leagann béim ar na scileanna agus dearcaí atá ag teastáil ó scoláirí agus ó mhúinteoirí, sna hábhair, gearrchúrsaí agus aonaid idirthréimhseacha ar fad.
- Tacóidh modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama le scoláirí a bheith níos freagraí as a gcuid foghlama féin.
- Beidh níos mó modhanna measúnachta ann a thabharfaidh spreagadh d'fhorbairt réimse níos leithne scileanna.

San eagrán seo dírímid ar obair atá ar siúl ar phríomhscileanna agus conas a mholtar an chéad chéim den athbhreithniú ábhair, gearrchúrsaí agus aonaid idirthréimhseacha a fhorbairt. Bígí ag faire amach don eolas is déanaí in eagráin amach anseo.

Príomhscileanna - obair atá ar siúl

Faoi láthair táimid ag obair ar chúig phríomhscil agus cuirfidh gach ceann acu le cultúr nua foghlama trí na hábhair, gearrchúrsaí agus aonaid idirthréimhseacha uile. De réir mar atá athbhreithniú á dhéanamh ar ábhair agus ábhair nua, gearrchúrsaí agus aonaid idirthréimhseacha á bhforbairt, beidh na príomhscileanna á gcur leis na torthaí foghlama i ngach cás.

Próiseáil faisnéise - cabhróidh sé seo le scoláirí a bheith níos éifeachtaí mar fhoghlaimeoirí i dtimpeallacht atá dírithe ar fhaisnéis agus áireoidh sé scileanna cosúil le rochtain a bheith acu ar fhaisnéis, faisnéis a roghnú, luacháil a dhéanamh ar fhaisnéis agus faisnéis a thaifeadadh.

Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach - cabhróidh sé seo le scoláirí tuiscint níos fearr a bheith acu ar fhoirmeacha agus patrúin dhifriúla smaointeoireachta ionas go mbeidh níos mó scile acu ar réasúnaíocht, ar ardord agus ar fhadhbanna a réiteach.

Cumarsáid a dhéanamh - cabhróidh sé seo le scoláirí a scileanna cumarsáide a fheabhsú ag baint úsáide as meáin éagsúla agus tuiscint a bheith acu ar an tionchar a bhíonn ag modhanna cumarsáide ar an tuiscint agus eolas atá acu féin. I measc na sainscileanna tá léitheoireacht, tuairimí a chur in iúl, scríbhneoireacht, cuir i láthair ó bhéal, anailís ar fhoirmeacha amhairc agus araile.

Ag obair le daoine eile - tarraingeoidh sé seo aird ar an ról atá ag obair le daoine eile san fhoghlaim agus le comhspriocanna agus scileanna pearsanta a bhaint amach. Beidh meas éigin ag

info@ncca

scoláirí ar an dinimic a bhíonn i bhfeidhm i ngrúpaí agus na scileanna sóisialta a theastaíonn le bheith páirteach sa chomhobair seo.

A bheith éifeachtach mar dhuine - cabhróidh sé seo le scoláirí forbairt mar dhaoine, tuiscint níos fearr a bheith acu orthu féin agus an fhaisnéis sin a úsáid le spriocanna pearsanta agus pleananna gníomhaíochta a fhorbairt.

Conas a chabhraíonn scileanna le forbairt an fhoghlaimeora a n-éiríonn leis/léi

De réir mar a bhíonn tuiscint ag scoláirí ar na cúig phríomhscil, mar aon lena bhfoghlaim in ábhair agus gearrchúrsaí, tiocfaidh forbairt ar an méid eolais atá acu maidir le foghlaim go ginearálta agus a gcuid foghlama féin go háirithe. Beidh tuairimí ar leith ag scoláirí faoi fhoghlaim, straitéisí foghlama, an cumas a bheith in ann machnamh a dhéanamh, naisc a dhéanamh san fhoghlaim agus a bheith toilteanach páirt a ghlacadh i suímh foghlama nua.



Tosaíonn céim a haon

Tá tús curtha leis an obair ar Chéim a hAon. Déanfar athbhreithniú ar na hábhair atá liostaithe sa bhliain nó sa bhliain go leith amach romhainn. Forbrófar ábhair nua le linn na tréimhse seo, mar aon le gearrchúrsaí. Beidh na chéad aonaid idirthréimhseacha réidh faoi dheireadh 2006. Áireoidh an obair seo príomhscileanna a neadú, méid an ábhair a laghdú mar is gá, torthaí foghlama a fhorbairt, comhairle ar modhanna measúnachta agus modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama a fhorbairt.

Don eolas is déanaí téigh chuig roinn Athbhreithnithe na Sraithe Sinsearaí ag: **www.ncca.ie.**



Comhpháirteanna curaclaim chéim a haon

Ábhair atá le hathbhreithniú	Ábhair nua	Gearrchúrsaí	Aonaid Idirthréimhseacha (roinnt samplaí)	Forbairtí eile
Matamaitic Matamaitic Fheidhmeach Gaeilge Béarla Nua-Theangacha Bitheolaíocht Ceimic Fisic	Oideachas Sóisialta agus Polaitíochta Corpoideachas	Fiontraíocht Teicneolaíocht do na Meáin agus Teicneolaíocht Chumarsáide Feidhmchláir mhatamaiticiúla Cúrsa/cúrsaí i réimse na nEalaíon/na nDána	Géineolaíocht agus Biteicneolaíocht Léann Clasaiceach Taibh-Ealaíona Socheolaíocht na Teilifíse Réaltachta Meitéareolaíocht Spórt Eolaíocht Eolaíocht Dlí Dearadh Ceardaíochta agus Teicneolaíocht Léann an Chultúir Éireannaigh	Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte Creatlach Corpoideachais

Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile

Dá mbeadh súil á choinneáil agat ar Athbhreithniú Churaclam na Bunscoile na CNCM le bliain nó dhó anuas, thuigfí duit dá mbeifeá den tuairim go raibh sé críochnaithe! Ach níl, agus is tús iontach atá curtha leis an obair, a bhuíochas sin do chomhoibriú múinteoirí agus príomhoidí, páistí agus tuismitheoirí.

Bhailigh an chéad chéim den obair (2003/2004) faisnéis faoi na heispéiris a bhí agaibh le Béarla, na hamharcealaíona agus matamaitic. Foilsíodh an tuarascáil ar láithreán gréasáin na CNCM i mBealtaine 2005, agus tá leabhrán ina a bhfuil achoimre na faisnéise ó mheastóireacht na Cigireachta (Deireadh Fómhair, 2005) ar na trí ábhar chéanna le fáil ann freisin.

Ó shin, bhíomar gnóthach ag obair ar na ceithre shaincheisteanna a aithníodh san athbhreithniú:

- Ábhar Tacaíochta Breise a fhorbairt don **Churaclam Béarla** ar struchtúr an Churaclaim Bhéarla (tugtha do mhúinteoirí i ngeimhreadh na bliana 2005)
- **DVD do thuismitheoirí** a fhorbairt ar *Fhoghlaim Leanaí sa Bhunscoil: Céard, Cén Fáth agus Conas?* (tugtha do thuismitheoirí agus scoileanna le déanaí)
- leanúint lenár gcuid oibre ar chomhairle a fhorbairt do mhúinteoirí ar **mheasúnacht** i mbunscoileanna
- láithreán gréasáin na CNCM a fhorbairt le comhairle ar **mhodheolaíochtaí teagaisc** a chur san áireamh (m.sh., suímh ilranga, teagasc idirdhealaithe srl.).

Táimid ag ullmhú anois don dara céim den athbhreithniú. Baileofar faisnéis ó mhúinteoirí agus daoine eile ar Churaclaim na Gaeilge, na hEolaíochta agus an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS) le linn na scoilbhliana 2006/2007. Tá *Teimpléad Athbhreithnithe agus machnaimh do mhúinteoirí* á fhorbairt againn chun machnamh a spreagadh ar na rudaí a oibríonn go maith, na dúshláin agus na tosaíochtaí atá ann i gcás na n-ábhar seo a theagasc. Beidh na teimpléid athbhreithnithe seo ar fáil ar ár láithreán gréasáin i mí Mheán Fómhair. Idir an dá linn, más mian leat d'eispéiris leis na curaclaim seo a roinnt le foireann na CNCM, fáilteoimid roimh bhur dtuairimí ag: **newsletter@ncca.ie.**

Próifíl: Sheila Nunan

Ball den Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, agus Cathaoirleach ar an gCoiste Teanga, Bunleibhéal.

Oideachas

Is as An Droichead Nua, Co. Chill Dara do Sheila agus is ann a fuair sí a cuid oideachais bhunscoile agus iarbhunscoile. Rinne sí céim Bhaitsileára san Eolaíocht Shóisialta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath ar dtús agus ansin rinne sí Dioplóma iarchéime i Riachtanais Oideachais Speisialta i gColáiste Phádraig, Droim Conrach.

Obair

Bhí an chéad phost a bhí agam nuálach ag an am. Bhí mé ag obair mar mhúinteoir ar cuairt le baill óga den Lucht Siúil. Bhí deis agam mo chuid féin a dhéanamh den ról. Thug an t-eispéireas sin tuiscint dom ar na dúshláin a bhíonn ag páistí agus tuismitheoirí ó chúlraí cultúrtha difriúla a bheith páirteach in oideachas príomhshrutha. D'fhoghlaim mé go leor ó thaithí scoileanna ar an gcomhtháthú seo a chinntiú freisin.

Post suimiúil agus éagsúil atá agam faoi láthair mar Uachtarán ar Chumann Múinteoirí Éireann. Feidhmím mar chathaoirleach ar a lán de choistí an Chumainn agus déanaim ionadaíocht do na baill sa ROE agus comhlachtaí eile. I mí na Nollag 2005, toghadh mé mar Chisteoir Ginearálta/Leas-Rúnaí Ginearálta ar Chumann Múinteoirí Éireann agus táim ag tnúth le tosú sa phost sa Bhealtaine.

Ról na CNCM

Sa bhliain 1995, thosaigh mé ag obair le coiste comhordaithe bunscoile na CNCM a bhí ag tabhairt faoi athbhreithniú ar churaclam na bunscoile. Ó 2003 i leith, rinne mé ionadaíocht thar ceann Chumann Múinteoirí Éireann ar Chomhairle na CNCM. Is í príomhobair na Comhairle ná formheas a dhéanamh ar dhoiciméid dhifriúla a fhorbraíonn an CNCM. I mo thuairim féin, feidhmíonn an Chomhairle mar áis luachmhar don phlé a dhéantar ar dhréachtanna de na doiciméid seo. Deis iontach atá ann a bheith páirteach i ndíospóireachtaí bríomhara ar thionscnaimh churaclaim dhifriúla a bhaineann le hoideachas luath-óige agus comhlánú na sraithe sinsearaí. Creidim féin go mbíonn smaointeoireacht nasctha faoin oideachas bunscoile agus iarbhunscoile mar thoradh air.

Ag féachaint chun cinn

Sílim go bhfuil sé tábhachtach go mbeimis i gcónaí airdeallach ar na himpleachtaí a bhíonn ag forbairtí sa churaclam agus sa mheasúnacht ar theagasc agus foghlaim sa seomra ranga. Tá múinteoirí ag déileáil lena lán éileamh lena n-áirítear seomraí ranga atá níos ilchultúrtha ná riamh agus leanaí le riachtanais oideachais speisialta. Tá sé tábhachtach go gcuireann tacaíocht do mhúinteoirí ar a gcumas gnéithe uile an churaclaim a chlúdach.

Creatlach cáilíochtaí

Gnóthachtáil foghlama a aithint

Ó 2003 i leith tá Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI), a bhfuil freagracht air maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm, i gceannas ar an bpróiseas a bhaineann le dámhachtainí Éireannacha a chur ar an gCreatlach Cáilíochtaí.

Tá Creatlach Náisiúnta na gCáilíochtaí i bhfeidhm ó mhí Dheireadh Fómhair 2003. Is í an aidhm ná creatlach a chur ar fáil trínar féidir gach gnóthachtáil foghlama a chur i gcomparáid lena chéile agus luach a chur leo. Áiríonn an chreatlach formhór na gcáilíochtaí nó dámhachtainí oideachais nó oiliúna in Éirinn anois. Áiríonn sé dámhachtainí a fhaightear faoi láthair i scoileanna, san ionad oibre, sa phobal, in ionaid oiliúna agus i gcoláistí agus ollscoileanna. Lena chois sin, áiríonn sé na dámhachtainí a bhí ann san am atá caite agus nach bhfuil ar fáil níos mó. Is cosúil go bhforbrófar na dámhachtainí uile amach anseo agus go gcuirfear san áireamh sa chreatlach iad.

Céard í an chreatlach?

Tá 10 leibhéal sa chreatlach. Baineann Leibhéal 1 leis an mbunleibhéal foghlama. Áiríonn sé cumas foghlama faoi stiúir, glacadh le faisnéis agus scileanna athrá bunúsacha a úsáid. Lena chois sin áiríonn sé scileanna i mbunlitearthacht agus bun-uimhearthacht. I gcomparáid leis sin ag Leibhéal 10 ní mór d'fhoghlaimeoirí a bheith in ann teacht ar eolas agus scileanna nua agus iad a fhorbairt mar aon le scileanna thar a bheith speisialaithe a úsáid agus iad a aistriú ó thasc amháin go tasc eile atá thar a bheith éagsúil. Cuirtear na téarmaí seo a leanas san áireamh ag gach leibhéal:

- an t-eolas nach mór a bheith ag foghlaimeoirí
- an tuiscint agus scil a bheith acu le rudaí a léiriú
- an inniúlacht a theastaíonn uathu chun an fhoghlaim ar fad a thuiscint agus a chur i bhfeidhm.



Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

Ó 2003 tá Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI), a bhfuil freagracht air maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm, i gceannas ar an bpróiseas a bhaineann le dámhachtainí Éireannacha a chur ar an gcreatlach cáilíochtaí. Cuireadh na dámhachtainí scoile idir leibhéil 3 agus 5. Cuireadh an Teastas Sóisearach ag Leibhéal 3, agus cuireadh an Ardteistiméireacht, Clár Gairme na hArdteistiméireachta agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach san áireamh, ag Leibhéil 4 agus 5. Léirigh an bealach a raibh an Ardteistiméireacht á chur ar dhá leibhéal raon na dtorthaí foghlama atá san áireamh i gcláir éagsúla na sraithe sinsearaí. Níl aon dámhachtainí foirmiúla luaite le hoideachas bunscoile fós.

Damhachtainí leagáide

In 2004 díríodh ar na dámhachtainí *leagáide* scoile níos sine agus an áit a mbeidís á gcur ar an gcreatlach. Is iad seo na dámhachtainí a bhíodh á fháil trí scoileanna san am atá caite ach nach bhfuil le fáil níos mó. Cuireadh an Bun-Teastas a bhí ann tráth ar Leibhéal 2 den chreatlach. Cosúil leis an Teastas Sóisearach cuireadh an Teastas Grúpa agus an Teastas Idirmheánach, a cuireadh le chéile go deireanach sna 1980idí agus ar a tugadh an Teastas Sóisearach as sin amach, ar Leibhéal 3. Ós rud é go bhfuil na dámhachtainí seo ar an gcreatlach anois tá gnóthachtáil foghlama na ndaoine a fuair na cáilíochtaí seo san am atá caite aitheanta. Is fusa a ngnóthacháil a chur i gcomparáid leis na dámhachtainí scoile atá ann anois.

Ag díriú ar an am amach romhainn

Leanfar le hathbhreithniú agus forbairt na creatlaí sna comhthéacsanna seo a leanas:

- Déanfar athbhreithniú leanúnach ar sheasamh na ndámhachtainí reatha m.sh., ar cheart gnóthachtáil ag léibhéil nó gráid dhifriúla in ábhair na hArdteistiméireachta a léiriú trí áiteanna difriúla a thabhairt dóibh ar an gcreatlach.
- Fós beidh sé riachtanach teacht ar chomhaontú maidir leis an áit a chuirfear cáilíochtaí nó dámhachtainí nua scoile (ag eascairt as athruithe ar an Ardteistiméireacht amach anseo).

Tá an CNCM ag obair ar thograí a fhorbairt do chreatlach churaclaim nua do dhaltaí a bhfuil míchumais ghinearálta foghlama acu (idir aois 12-16). Beidh an chreatlach seo bunaithe ar an Teastas Sóisearach agus áireoidh sé sraith leathan, chothromaithe d'eispéiris foghlama mar aon le deiseanna forbartha ar scileanna pearsanta, neamhspleácha agus maireachtála le linn na mblianta deireanacha den oideachas éigeantach. Le bliain anuas bhí an CNCM páirteach i nGrúpa Oibre Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna ag déanamh iniúchta ar nádúr na ndámhachtainí atá le forbairt ar Leibhéal 1 agus 2.

Oideachas i SAM

An bealach Meiriceánach

Tugann Úna Maher cur síos ar an 'eispéireas iontach' a bhaineann le bheith ag teagasc in Oregon

Phós mé in 1999 agus go gairid ina dhiaidh sin d'athlonnaigh cuideachta m'fhear céile go Oregon, SAM. Tá Oregon suite ar an gcósta thiar thuaidh agus is álainn an áit í. Tá na séasúir mar a bheadh i leabhar (an samhradh iontach te agus sneachta sa gheimhreadh.) Tá cónaí orainn i Hillsboro, atá thart ar 70 míle ón trá agus ón ionad sciála Mount Hood. Is fada idir é agus Scoil Náisiúnta Naomh Bríde i dTamhlacht, áit a bhfuair mé mo chéad chúig bliana taithí teagaisc le foireann lán d'fhuinneamh a bhí thar a bheith tiomanta agus ónar fhoghlaim mé mórán.

Táim anois ag teagasc i Scoil Chaitliceach St. Clare i Portland. Bhí an dara grád agam ar feadh trí bliana agus anois táim ag teagasc ciondargairdín, an chéad ghnáthbhliain d'oideachas foirmiúil i SAM. Difríocht mhór idir an tír seo agus Éire is ea go mbíonn 'múinteoir gráid' anseo agus is annamh go n-athraíonn an múinteoir grád. Shíl mo chomhghleacaithe anseo go raibh sé aisteach go mbeadh múinteoir ag teagasc grád difriúil sa scoil chéanna gach bliain. Creidim áfach, go gcoinníonn an t-athrú sin an múinteoir ar an eolas agus gur dea-chleachtas é in Éirinn.

Scoil phríobháideach, le táillí le n-íoc, í St. Clare School. Tá idir rang ciondargairdín agus an t-ochtú grád againn le rang amháin do gach grád. Tá speisialtóir foghlama againn chun deacrachtaí foghlama a thástáil agus a dhiagnóisiú agus le PFA (pleananna foghlama aonair) a ullmhú do dhaltaí. Leag beartas *No Child Left Behind* an Uachtaráin Bush béim ar fhreagracht na scoileanna maidir lena dteagasc agus foghlaim na ndaltaí. Déantar trialacha caighdeánach ar ghráid a trí go hocht go bliantúil; tugtar gráid do dhaltaí i gcomparáid lena gcomhdhaltaí agus faigheann an scoil 'grád' bunaithe ar fheidhmíocht na scoile. Áiríonn na trialacha seo teanga ealaíona agus matamaitic.

Tá creidiúnú iomlán ag St. Clare School. Is é an Western Association of Schools and Colleges (WASC) atá freagrach as creidiúnú; tá dhá chuspóir aige - a chinntiú go gcuireann scoileanna deiseanna foghlama ar ardchaighdeán ar fáil agus a éileamh ar scoileanna féinfheabhsú leanúnach a léiriú. Nuair a chríochnaítear creidiúnú tugtar grád do scoil agus socraítear dáta don chéad chuairt eile. D'éirigh le St. Clare School uas-scór a fháil ar feadh sé bliana.

Tosaíonn mo lá scoile ag 7:30am agus tosaíonn na daltaí ag teacht ar scoil ag 8:05am. Teagascaim dhá rang trí huaire an chloig; ceann ar maidin agus ceann san iarnóin. Táimid chun clár iomlán ciondargairdín a chur ar fáil ó mhí Mheán Fómhair 2006. Tá speisialtóirí gleacaíochta, ealaíne agus ceoil sa scoil. Fágann seo breis ama ag an múinteoir ranga rudaí a ullmhú, rud ná tarlaíonn mórán in Éirinn. Is é 28 uaslíon na ndaltaí in aon rang agus 14 i gcás ranganna ciondargairdín. Tá sé deas oibriú le líon beag daltaí agus tugann sé deis teagasc ar bhonn duine le duine.

Tá cur chuige churaclam an chiondargairdín páiste-lárnach agus is meán luachmhar d'fhoghlaim agus d'fhionnachtain é an spraoi. Cé go bhfuil roinnt leabhar saothair againn, cur chuige comhtháite atá i bhformhór an teagaisc agus an-bhéim ar ealaíona teanga agus matamaitic. Imíonn na daltaí abhaile ag 3:05pm agus críochnaím féin ag 3:35pm. De ghnáth ag deireadh an lae fágaim slán leis na daltaí, buailim le tuismitheoirí, bím ag ullmhú don lá dár gcionn agus cuirim sonraí nua ar láithreán gréasáin na scoile.

Is eispéireas iontach é a bheith ábalta teagasc i dtír dhifriúil. Cé go bhfuil riachtanais chosúla ag na páistí tá cúlra cultúrtha agus teaghlaigh an-difriúil acu. Tá tacaíocht láidir ag na daltaí óna dtuismitheoirí sa scoil seo, buntáiste fíorluachmhar.

Is é Béarla an teanga oifigiúil teagaisc cé nach labhraíonn os cionn sé mhilliún den 45 milliún leanbh atá in aois scoile Béarla sa bhaile.

An Córas

Fíricí agus figiúirí ó INCA

Leibhéal náisiúnta

Tá an fhreagracht d'oideachas i SAM dílaraithe chuig leibhéal stáit/ceantair. Ar leibhéal náisiúnta áfach, achtaíonn Comhdháil na Stát Aontaithe reachtaíocht a bhfuil tionchar aici ar stáit, pobail agus scoileanna. Lena chois sin, tá straitéisí leasaithe oideachais náisiúnta atá sínithe le dlí ann ar a n-áirítear Acht 2002 *No Child Left Behind* an Uachtaráin Bush. Áiríonn an bille foráil:

- do thástáil reachtúil mhéadaithe
- d'fheabhsúcháin do scoileanna atá ag teip, m.sh., maoiniú breise, scoileanna samhraidh
- d'oiliúint mhúinteoirí d'fhonn 'múinteoirí ardcháilithe' a chur ar fáil
- do bhreis airgid a chaitheamh ar chláir litearthachta.

Is é an sprioc 12 bliain ná inniúlacht acadúil na ndaltaí atá lag, nach bhfuil mórán Béarla acu nó a bhfuil míchumais éagsúla acu a fheabhsú.

Leibhéal stáit agus áitiúil

Tá gach ceann den 50 stát freagrach as oideachas laistigh dá dteorainneacha féin. Forbraíonn stáit beartais le leithdháileadh cistí, deimhniú múinteoirí, téacsleabhair agus seirbhísí leabharlainne, mar aon le soláthar taifead agus staitisticí; sonraíonn roinnt stát curaclaim freisin. Thart ar 16,000 ceantar áitiúil atá i mbun bainistíochta ar fheidhmiú scoileanna poiblí. Bailíonn boird scoileanna ceantair cánacha, tógann siad foirgnimh agus go traidisiúnta cheannaigh siad trealamh, bhí siad i gceannas ar bheartas treorach agus d'fhostaigh siad múinteoirí agus baill foirne eile.

Is é Béarla an teanga oifigiúil teagaisc cé nach labhraíonn os cionn sé mhilliún den 45 milliún leanbh atá in aois scoile Béarla sa bhaile.

Céimeanna oideachais

Trí phríomhchéim atá i struchtúr oideachais na Stát Aontaithe:

- réamh-éigeantach: réamh-chiondargairdín agus ciondargairdín, aois 3-5/6.
- éigeantach: bunscoil agus ardscoil, Gráid 1 - 8/9, aois 5/6 - 16/18.
- iar-éigeantach: ardscoil, Gráid 9 - 12, aois 16 - 18.

Creidiúnú

De réir an dlí críochnaíonn scolaíocht éigeantach ag aois 16, 17 nó 18, ag brath ar reachtaíocht oideachais an stáit. Ní mheastar go bhfuil a gcuid oideachais scoile críochnaithe ag daltaí a fhágann an scoil nuair atá oideachas éigeantach críochnaithe acu agus ní fhaigheann siad teastas. Is san ardscoil a fhaightear na blianta deireanacha oideachais atá riachtanach le teastas a fháil(Gráid 9 - 12). Faigheann daltaí Dioplóma Ardscoile nuair a chríochnaíonn siad Grád 12 a léiríonn go bhfuil teastas faighte acu ón meánscoil. Críochnaíonn 92.6% de na daltaí a chláraíonn ag an meánleibhéal an ardscoil shinsearach.

Oideachas riachtanais speisialta

Éilíonn an *Individuals with Disabilities Education Act* (IDEA), chomh fada agus is féidir, go bhfreastalaítear ar dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais san oideachas príomhshrutha a fhaigheann maoiniú poiblí ina gceantar scoile áitiúla, i suímh oideachais lena gcomhdhaltaí. Is féidir freastal ar dhaltaí a bhfuil riachtanais níos dáiríre acu i seomraí ranga féinchuimsitheacha nó cláir speisialta laistigh den scoil phríomhshrutha nó is féidir iad a chur chuig scoileanna speisialta. Cuirtear oideachas atá á mhaoiniú ag an Stát ar fáil do gach uile dhalta le riachtanais speisialta go dtí go mbíonn siad 21 bliain d'aois.

An scoilbhliain

Tá scoilbhliain íosta i ngach stát agus is iondúil gur 180 lá a bhíonn i gceist. Déanann gach bord ceantair áitiúil cinneadh faoi sceidil a scoileanna féin. Osclaíonn scoileanna cúig lá na seachtaine agus maireann an lá scoile idir cúig agus seacht n-uaire.

Curaclam agus measúnacht

Tá treoirlínte coiteanna ag formhór na stát le príomhchuraclam a áiríonn na hábhair seo a leanas go ginearálta: ealaíona teanga (Béarla/litearthacht), matamaitic, stáidéir shóisialta (stair, tíreolaíocht, litríocht, ilchultúrachas, eitic agus luachanna, reiligiún, ceisteanna comhaimseartha), eolaíocht, sláinte, ceol, ealaín agus corpoideachas.

Ag na céimeanna tosaigh agus láir den oideachas éigeantach, bíonn cláir mheasúnachta stáit atá deartha go speisialta ar mhaithe le cúiseanna diagnóiseacha in úsáid ag a lán stát. Lena chois sin glacann scoileanna páirt i dtástáil náisiúnta thréimhsiúil a tharlaíonn ar bhun forleathan, .i. *An Mheasúnacht Náisiúnta ar Dhul Chun Cinn Oideachais* (NAEP) i léitheoireacht, scríbhneoireacht, eolaíocht agus matamaitic. Ó thús 2002-2003, tá scoileanna ag súil le tástáil a dhéanamh ar léitheoireacht agus matamaitice i dtrí Ghrád - Gráid 3-5, Gráid 6-9 agus Gráid 10-12. Éilíonn *No Child Left Behind* tús a chur le tástáil reachtúil go bliantúil do gach dalta i nGráid 3-8 (aois 8-14) i léitheoireacht Bhéarla agus matamaitic. Ceaptar go gcuirfear eolaíocht leis an liosta éigeantach tástála in 2007-08.

San ardscoil shinsearach, bíonn rogha ag scoláirí a bheith páirteach sna trialacha náisiúnta atá deartha le feiliúnacht na scoláirí d'oideachas tríú leibhéal a mheas. Áiríonn na tástálacha seo Trialacha Infheidhmeachta Scolaíocha, Trialacha do Choláistí Meiriceánacha agus Ardscrúduithe Socrúcháin.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chóras oideachais Mheiriceá téigh chuig: **www.inca.org.uk**

I mBarr mo Mhaitheasa

Faoistin mhúinteora nua

Táimid anois ag druidim le deireadh na scoilbhliana agus táim ag machnamh ar na rudaí maithe agus na drochrudaí a bhain le m'eispéireas mar mhúinteoir nuacháilithe agus an dara bliain teagaisc beagnach curtha isteach aici. Ar na laethanta maithe bhí Dé hAoine an 13 Eanáir (cé a dúirt go raibh sé mí-ámharach?), nuair a bhí gach duine ag iarraidh dul i gcleachtadh ar an sean-nós céanna arís tar éis na Nollag. Freagraíodh na paidreacha a bhíodh agam sa bhunscoil. Bhí ar BSL ár scoil a dhúnadh chun cábla a dheisiú agus dúradh linn ar fad dul abhaile! An t-éirí croí! (Agus bhí áthas ar na scoláirí freisin).

Ag an tráth seo agus ceithre rang scrúduithe agam, táim féin fiú ag *brionglóid* faoin Ardteistiméireacht, lá agus oíche. Is cosúil gur meafar don Ardteist gach a bhfeicim. Na leathanaigh rásaíochta mar shampla...'I lár droch-scaithimh faoi láthair, an cineál scaithimh a bhuaileann gach stábla ó am go chéile, iad ag sracadh leis an saol ag iarraidh a bheith i mbarr a maitheasa'. Sin é mo rang! Agus is mise an traenálaí a bhfuil an dualgas uirthi 'a n-intinní a mhúscailt ionas go n-éireoidh go seoigh leo'. Cé go bhfuil roinnt scoláirí i mo rang 'a bhfuil go leor oibre le déanamh acu fós', tá scoláirí eile 'atá ag obair ar nós sclábhaithe anois tar éis tús lag' agus tá 'thart ar 20 scoláire d'ardchaighdeán, ba bhreá le leithéid Vincent O'Brien fiú iad siúd a bheith aige' agus 'roinnt scoláirí eile nach mbeidh aon stró orthu'.

Caithfidh gur ag trácht ar na bréagscrúduithe a bhí siad nuair a dúradh 'is léir ó fhorbhreathnú dáiríre ar bith gur triail iad don seó mór a bheidh ar siúl sa Mheitheamh'. Maidir liom féin, is í mo chomhairle 'go bhfuil an t-am ullmhúcháin ríthábhachtach' agus anois 'níl romham ach na scoláirí uile a mhealladh go barr a maitheasa faoi thús an Mheithimh'. Mothaím go bhfuil an-fhreagracht ormsa, cé gur minic a chuala frásaí cosúil le 'ag teagasc don scrúdú' in úsáid go drochmheasúil le linn dom an ADO a dhéanamh. I ndeireadh na dála, braitheann dóchas agus brionglóidí don todhchaí d'fhormhór na scoláirí ar mhúinteoirí cosúil liomsa ar a ndícheall á dteagasc don scrúdú.

Bhí bliain spleodrach againn i gColáiste Bríde go dtí seo. Bheadh go leor daoine in éad linn mar gur bhogamar isteach i scoil álainn nua le déanaí. Ní fhéadfadh aon duine ach múinteoir an gliondar a chuireann sé orm an méid seo a rá a thuiscint...Tá mo sheomra ranga féin agam! Is ea, lán de mo phóstaeir féin, mo chairteacha féin agus obair mo scoláirí féin. Agus an sméar mullaigh ar fad ... cófra. Is ea, cófra lán le mo leabhair, m'fhoclóirí, m'fhillteáin, m'ábhair féin srl. Ní bheidh orm 20 fillteán leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach a iompar thart liom arís go deo, fillteáin lán le póstaeir, bosca lán d'ábhair ealaíne, leabhar rolla, cailc agus na rudaí beaga eile a thabhairt amach chuig seomra réamhdhéantaí...sa bháisteach níos minice ná a chéile! Tá sé go hiontach.

Nuair a fhéachaim siar ar an scoilbhliain áfach, is rud nach mbaineann le scrúduithe, siollabais nó scoil nua ach tragóid uafásach a bhain siar asainn ar fad is soiléire i m'intinn. Bualadh cailín álainn cúigiú bliana i dtimpiste bhuille is teithidh agus fuair Marsia bás ar an 22 Deireadh Fómhair. Agus sinn ag déileáil leis an tragóid seo ba ríshoiléir dom go ndéanaimid i bhfad níos mó ná teagasc. Tá an teagasc éasca. Sílim gurb í an ghné chúraim agus thréadchúraim an chuid is dúshlánaí den phost agus is beag aitheantais a fhaigheann an ghné seo den obair. Mar sin, agus mé anois i mo mhúinteoir cáilithe agus taithí agam, fágaim slán libh agus tá súil agam go mbeidh téarma deireanach deas agus bisiúil agaibh! Hi ho Silver!

Tá Aoife McArdle ag teagasc Béarla agus Iodáilise i gColáiste Bríde, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.

Roinn do thuairimí linn...

Ós rud é gurb é seo eagrán deireanach **info@ncca** don scoilbhliana seo, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na múinteoirí ar fad a roinn a gcuid ama linn chun cur leis an nuachtlitir seo. Is iomaí rud a chuir sibh chugainn, idir mholtaí d'ábhar na nuachtlitreach trí bhur n-eispéiris sa seomra ranga a roinnt linn agus páirt a ghlacadh i dtaighde ar an lucht léitheoireachta. Tá súil againn go leanfaidh sibh oraibh ag cabhrú le **info@ncca** a fhorbairt mar acmhainn thábhachtach do mhúinteoirí, ag tacú le teagasc agus le foghlaim agus muid ag ullmhú d'eagrán mhí Mheán Fómhair.

Sonraí teagmhála:

Ríomhphost: **newsletter@ncca.ie**
Facs: **01 661 7180**
Láithreán Gréasáin: **www.ncca.ie**

Seoladh Poist: **An tEagarthóir, info@ncca, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.**